An Bord Pleanála

# Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2017

# Annual Report and Accounts 2017

## Ráiteas Misin

Ár gcion a dhéanamh mar chomhlacht náisiúnta neamhspleách ar bhealach neamhchlaonta, éifeachtach agus oscailte chun a áirithiú go luífeadh forbairt fhisiciúil agus tionscnaimh mhóra bhonneagair in Éirinn le prionsabail na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil.

## Mission Statement

To play our part as an independent national body in an impartial, efficient and open manner, to ensure that physical development and major infrastructure projects in Ireland respect the principles of sustainable development, including the protection of the environment.

## Sainordú

Bunaíodh an Bord Pleanála sa bhliain 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 1976. Is iad príomhchúraimí an bhoird achomhairc phleanála agus nithe áirithe eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2017 agus iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh a chinneadh.Tá an cúram air chomh maith déileáil le tograí ó údaráis áitiúla agus grúpaí eile maidir le talamh a cheannach go héigeantach faoi achtacháin éagsúla. Feidhmeanna eile dá chuid is ea achomhairc a chinneadh faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta.

## Mandate

An Bord Pleanála was established in 1977 under the Local Government (Planning and Development) Act 1976 and is responsible for the determination of appeals and certain other matters under the Planning and Development Acts 2000 to 2017 and determination of direct applications for Strategic Infrastructure and Housing Developments. It is also responsible for dealing with proposals for the compulsory acquisition of land by local authorities and others under various enactments. An Bord Pleanála also determines appeals under the Water Pollution and Building Control Acts.

Tá cóip leictreonach don Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2017 le fáil ar suíomh idirlín www.pleanala.ie
An electronic version of the Annual Report and Accounts 2017 is available at www.pleanala.ie

An Bord Pleanála

Ag ceiliúradh 40 bliain | 1977
Celebrating 40 years | 2017

# Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2017

**Chuig an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil**

De réir na nAchtanna Pleanála agus Forbartha (leasaithe), cuireann an Bord Pleanála a Thuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 i láthair.

# Annual Report and Accounts 2017

**To the Minister for Housing, Planning and Local Government**

In accordance with the Planning and Development Acts (as amended), An Bord Pleanála herewith presents its Annual Report and Accounts for the year ending 31st December 2017.

**An Dr. Mary Kelly**
Cathaoirleach

**Dr. Mary Kelly**
Chairperson

29 Meitheamh 2018

**Loretta Lambkin**
Príomhoifigeach

**Loretta Lambkin**
Chief Officer

29th June 2018



# Achoimre 2017

# Summary 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí** | **Operations** | | |
| Cásanna Pleanála a Fuarthas | Planning Cases Received | **2,570** | 2,163 |
| Cásanna Pleanála a Cuireadh de Láimh | Planning Cases Disposed | **2,143** | 2,078 |

| | | 2017 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Faighte | Curtha de láimh | Faighte | Curtha de láimh |
| **Oibríochtaí** | **Operations** | **Received** | **Disposed** | **Received** | **Disposed** |
| Gnáth-Achomhairc Phleanála | Normal Planning Appeals | 2,041 | 1,742 | 1,827 | 1,745 |
| Forbairt Bonneagair Straitéisigh (Aonáin Phríobháideacha / Gealltóirí Reachtúla) | Strategic Infrastructure Development (Private Entities / Statutory Undertakers) | 41 | 38 | 48 | 44 |
| Forbairt Bonneagair Straitéisigh (Údarás Áitiúil) | Strategic Infrastructure Development (Local Authority) | 23 | 17 | 10 | 7 |
| Tionscadail eile Údaráis Áitiúil[1] | Other Local Authority Projects[1] | 106 | 83 | 55 | 56 |
| Toiliú Ionaid agus Cásanna Gaolmhara | Substitute Consent and Related Cases | 13 | 51 | 24 | 36 |
| Cineálacha cásanna eile | Other Case Types | 346 | 212 | 199 | 190 |

[1] Measúnú Cuí san áireamh

[1] Includes Appropriate Assessment

| **Airgeadas** | **Finance** | **2017 €** | **2016 €** |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | **Income** | | |
| Deontas an Oireachtais | Oireachtas Grant | **17,099,682** | 14,405,385 |
| Táillí / Aisíocaíocht | Fees / Recoupment | **3,024,473** | 2,983,880 |
| Eile[2] | Other[2] | **3,063,246** | 3,627,256 |
| **Ioncam Iomlán** | **Total Income** | **23,187,401** | 21,016,521 |
| **Caiteachas** | **Expenditure** | | |
| Caiteachas | Expenditure | **22,118,022** | 22,009,848 |
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain roimh leithreasaí | Surplus / (Deficit) for year before appropriations | **1,069,379** | (993,327) |
| Aistriú ó / (go) dtí an Cuntas Caipitil | Transfer from / (to) the Capital Account | **(498,959)** | (163,381) |
| **Barrachas / (Easnamh) don bhliain tar éis leithreasaí** | **Surplus / (Deficit) for year after appropriations** | **570,420** | (1,156,708) |

[2] Áirítear air Glanmhaoiniú Iarchurtha Pinsin, Ús ar Thaiscí agus Ioncam Ilghnéitheach.

[2] Includes Net Deferred Pension Funding, Deposit Interest and Miscellaneous Income.

# Clár

# Contents


| Clár | | Contents | |
|---|---|---|---|
| **Achoimre 2017** | **5** | **Summary 2017** | **5** |
| **Comhaltaí an Bhoird** | **8** | **Board Members** | **8** |
| **Ráiteas an Chathaoirligh** | **9** | **Chairperson's Statement** | **9** |
| **Cásobair Phleanála** | **21** | **Planning Casework** | **21** |
| Na Cásanna Pleanála Uile | 22 | All Planning Cases | 22 |
| Gnáthachomhairc Phleanála | 26 | Normal Planning Appeals | 26 |
| Cásanna Forbartha Bonneagar Straitéiseach | 32 | Strategic Infrastructure Development Cases | 32 |
| Tionscadail Údaráis Áitiúil Eile | 37 | Other Local Authority Projects | 37 |
| Cásanna d'Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta | 40 | Strategic Housing Development Cases | 40 |
| Cineálacha Cásanna Suntasacha Eile | 42 | Other Significant Case Types | 42 |
| **Oibríochtaí Pleanála** | **49** | **Planning Operations** | **49** |
| Éisteachtaí ó Bhéal | 50 | Oral Hearings | 50 |
| Tuarascálacha agus Moltaí | 52 | Reports and Recommendations | 52 |
| **Gnóthaí Corparáideacha** | **53** | **Corporate Matters** | **53** |
| Pleanáil Straitéiseach | 54 | Strategic Planning | 54 |
| Foramharc ar Airgeadas | 56 | Finance Overview | 56 |
| An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 | 59 | Prompt Payment of Accounts Act 1997 | 59 |
| Soláthar | 61 | Procurement | 61 |
| Acmhainní Daonna | 62 | Human Resources | 62 |
| Imeachtaí Dlí | 65 | Legal Proceedings | 65 |
| Comhairliúchán le Comhlachtaí Eile | 67 | Consultations with Other Bodies | 67 |
| Iarratais ar Fhaisnéis | 68 | Requests for Information | 68 |
| Seirbhís do Chustaiméirí agus An Ghaeilge | 71 | Customer Service and Irish Language | 71 |
| Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) | 73 | Information Communication Technology (ICT) | 73 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh | 75 | Energy Efficiency | 75 |

| Cuntais Bhliantúla 2017 | 77 | Financial Statements 2017 | 77 |
|---|---|---|---|
| Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 78 | Governance Statement and Board Members' Report | 78 |
| Ráiteas ar an Rialú Inmheánach | 88 | Statement on Internal Control | 88 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | 92 | Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves | 93 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 94 | Statement of Comprehensive Income | 95 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 96 | Statement of Financial Position | 97 |
| Ráiteas na Sreafaí Airgid | 98 | Statement of Cash Flows | 99 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 | 100 | Notes to the Financial Statements for year ended 31st December 2017 | 101 |
| Tuarascáil An Ard-Reachtaire Cúntas agus Ciste | 134 | Report of the Comptroller and Auditor General | 134 |

| Aguisíní | | 141 | Appendices | | 141 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Aguisín 1** | Anailís ar Ghnáth Chinntí Achomhairc Phleanála | 142 | **Appendix 1** | Analysis of Normal Planning Appeals Decisions | 142 |
| **Aguisín 2** | Gnáth-Achomhairc Phleanála Faighte agus Cinneadh Déanta ortha de réir Ceantair i 2017 | 143 | **Appendix 2** | Normal Planning Appeals Received and Decided by Area in 2017 | 143 |
| **Aguisín 3** | Gnáth-Achomhairc Phleanála Faighte de réir Catagóire / Ceantar Forbartha 2017 | 144 | **Appendix 3** | Normal Planning Appeals Received by Development Category / Area 2017 | 144 |
| **Aguisín 4** | Achoimre do Gach Cás Curtha de Láimh trí thagairt do Sprioc Thréimhse Reachtúil | 145 | **Appendix 4** | Summary of All Cases Disposed of by reference to Statutory Objective Period | 145 |
| **Aguisín 5** | Foireann, Sainchomhairleoirí Seachtracha agus Gníomhairí Dlí mar atá ar an 31 Nollaig 2017 | 146 | **Appendix 5** | Staff, External Consultants and Legal Agents as at 31st December 2017 | 146 |

# Comhaltaí an Bhoird

# Members of the Board




| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Dr. Mary Kelly[1] | Cathaoirleach | Chairperson |
| 2 | Conall Boland[1] | Leascathaoirleach | Deputy Chairperson |
| 3 | Fionna O'Regan | Ar scor 25.04.2017 | Retired 25.04.2017 |
| 4 | Michael Leahy | Ar scor 12.05.2017 | Retired 12.05.2017 |
| 5 | Paddy Keogh[1] | Ar scor 20.05.2017 | Retired 20.05.2017 |
| 6 | Nicholas Mulcahy[1] | Ar scor 20.05.2017 | Retired 20.05.2017 |
| 7 | Dr. Gabriel Dennison[1] | Ar scor 20.05.2017 | Retired 20.05.2017 |
| 8 | Philip Jones[1, 2] | | |
| 9 | Paul Hyde[1, 2] | | |
| 10 | Eugene Nixon[1] | Ceaptha 12.06.2017 | Appointed 12.06.2017 |
| 11 | Dr. Maria FitzGerald[1] | Ceaptha 10.07.2017 | Appointed 10.07.2017 |
| 12 | Terry Prendergast[2] | Ceaptha 02.08.2017 | Appointed 02.08.2017 |
| 13 | Terry Ó Niadh[2] | Ceaptha 04.09.2017 | Appointed 04.09.2017 |
| 14 | John Connolly[1] | Ceaptha 18.09.2017 | Appointed 18.09.2017 |

[1] Fochoiste Roinn Bonneagair Straitéisigh
Sub-Committee Strategic Infrastructure Division

[2] Fochoiste Roinn Tithíochta Straitéisigh
Sub-Committee Strategic Housing Division

# Ráiteas an Chathaoirligh

# Chairperson's Statement



**Dr. Mary Kelly**
Cathaoirleach
Chairperson

Is áthas liom Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Bhoird Phleanála don bhliain 2017 a chur i láthair, ina dtugtar cuntas mionsonraithe ar obair an Bhoird agus na ráitis airgeadais don bhliain.

Ar na forbairtí ba shuntasaí don Bhord Pleanála in 2017 bhí:

- 19% de mhéadú ar 2016 ar líon na gcásanna isteach, rud a léiríonn an fás leanúnach atá ag teacht ar an earnáil foirgníochta agus ar an ngeilleagar;
- glacadh le hobair nua shuntasach i bhfoirm iarratais dhíreacha ar Fhorbairtí Straitéiseacha Tithíochta agus achomhairc in aghaidh Tobhaigh Láithreán Folamh;
- an chéad chéim de straitéis TFC a chur i bhfeidhm trína dtabharfar isteach córas nua bainistíochta cásanna agus cumas breisithe GIS; agus

I am pleased to present An Bord Pleanála's Annual Report and Accounts for 2017 which provides both a detailed account of our work and the financial statements for the year.

Significant developments for An Bord Pleanála in 2017 included:

- an increase in workload with case intake up by over 19% on the previous year reflecting the continued growth in construction sector activity and the economy;
- taking on significant new work in the shape of direct applications on Strategic Housing Developments and appeals against Vacant Site Levies;
- implementation of the first phase of an ICT strategy introducing a new case management system and enhanced GIS capability; and



Cathaoirleach an Bhoird Phleanála, an Dr. Mary Kelly, leis an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Eoghan Ó Murchú TD, Méan Fómhair 2017.
Chairperson of An Bord Pleanála, Dr. Mary Kelly, with Minister for Housing, Planning,and Local Government, Eoghan Murphy TD, September 2017.

- obair shuntasach chun Plean Straitéiseach nua a ullmhú don Bhord Pleanála trína gcuirfear treoir ar fáil don eagraíocht go ceann cúig bliana.

Sonraítear sa Tuarascáil seo na míreanna sin ar fad mar aon le staitisticí agus faisnéis eile ar chineálacha cásanna ar dhéileáil an Bord Pleanála leo in 2017.

Seo é an Tuarascáil Bhliantúil deiridh uaimse mar Chathaoirleach an Bhoird Pleanála de bhrí go mbeidh mo théarma oifige istigh i Lúnasa 2018. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun machnamh a dhéanamh ar obair an Bhoird Pleanála sna seacht mbliana deiridh.

Ar dtús, ba mhaith liom a rá gur pribhléid a bhí ann an Bord Pleanála a threorú agus freagracht a ghlacadh, i dteannta mo chomhghleacaithe ar an mBord, maidir le cinntí pleanála a dhéanamh, a mhúnlóidh an

- significant work on the preparation of a new Strategic Plan for An Bord Pleanála which will provide a blueprint for development of the organisation for the next 5 years.

This Report provides details on all of these items along with statistics and other information on case types dealt with by An Bord Pleanála in 2017.

This Annual Report is my last as Chairperson of An Bord Pleanála as my term of office comes to an end in August 2018. I would like to take the opportunity to reflect on the past 7 years and the work of An Bord Pleanála in that time.

At the outset, I would like to acknowledge the privilege of leading An Bord Pleanála and the responsibility, along with my Board colleagues, of making planning decisions which shape the future of Ireland. It is a

cineál tíre a bheidh againn amach anseo. Thug mé aird mhór ar an fhreagracht seo ó thús deireadh mo thréimhse agus bhí ceannas agam ar Bhord a chleacht na caighdeáin is airde ionracais, neamhspleáchais agus cothromaíochta i ngach aon chás a cuireadh faoinár mbráid.

Bhí ceathracha bliain ann in 2017 ó bunaíodh an Bord Pleanála. Sa tréimhse sin, d'fhás iontaoibh na saoránach, na ranna agus gníomhaireachtaí rialtais agus na bpáirtithe leasmhara eile sa Bhord Pleanála a bhuí ar ghealltanais agus obair dhian na gCathaoirleach, chomhaltaí an Bhoird agus na foirne.

Tá athrú tagtha ar thosaíochtaí náisiúnta in imeacht na mblianta agus Éire ag dul ó gheilleagar tuaithe den chuid is mó go tír i mbéal na forbartha tionsclaíche go geilleagar ardteicneolaíochta faisnéise atá nasctha go dlúth le tíortha eile ar fud an domhain. B'éigean don Bhord Pleanála é féin a chur in oiriúnt do na hathruithe sin agus glacadh le hachomhairc phleanála agus iarratais dhíreacha de réir mar a d'athraigh na tosaíochtaí náisiúnta.

Bhí tionchar ag gealltanais idirnáisiúnta ar nós comhaontuithe maidir leis an athrú aeráide agus beartais agus reachtaíocht an Aontais Eorpaigh ar na tosaíochtaí sin. Le linn mo théarma oifige, ba phríomhréimsí oibre don Bhord Pleanála iad bonneagar iompair, bonneagar fuinnimh agus tithíocht a sholáthar.

Tá áit níos airde anois ag cosaint na timpeallachta nádúrtha ar chlár oibre na gcinntí pleanála agus aithnítear go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta agus tábhacht náisiúnta araon ag timpeallacht uathúil na hÉireann. Tá méadú tagtha ar rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht agus i ngnóthaí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an timpeallacht.

responsibility I have taken very seriously during my term of office and I have led a Board which has exercised the highest standards of integrity, independence and fairness on each and every case which has come before us.

An Bord Pleanála celebrated 40 years since establishment in 2017. In that time, the commitment and hard work of its Chairpersons, Board members and staff has led An Bord Pleanála to be a highly trusted organisation by citizens, Government Departments and agencies, and other stakeholder groups.

National priorities have changed over the years as Ireland has developed from a relatively rural economy through early industrial development to the high-tech, globally interconnected knowledge economy of today. An Bord Pleanála has had to adapt to those changes with planning appeals and direct applications reflecting national priorities.

International commitments such as climate change agreements and EU policies and legislation have also framed and influenced national priorities. In my term of office, provision of transport infrastructure, energy infrastructure and housing have been key areas of work for An Bord Pleanála.

Protection of the natural environment has moved higher up the agenda in planning decisions and there is recognition that Ireland's unique environment is important at international as well as national level. Public participation in decision making and particularly on matters that can affect the environment has also increased.

### An Creat Náisiúnta Pleanála

D'fhoilsigh an Rialtas an Creat Náisiúnta Pleanála in 2017, go comhuaineach leis an bPlean Náisiúnta Forbartha, a dtugtar Tionscadal Éireann 2040 orthu in éineacht, chun forbairt agus infheistíocht sna blianta amach romhainn a threorú. Creat fíorthábhachtach a bheidh ann don Bhord Pleanála de bhrí go leagtar amach ann sraith chomhroinnte cuspóirí straitéiseacha don fhorbairt tuaithe, don fhorbairt réigiúnach agus don fhorbairt uirbeach. Cé nach bhféachtar ann le mionsonraí a thabhairt maidir le gach áit sa tír, leagtar amach ann sraith shoiléir cuspóirí agus cumasóirí agus treo soiléir maidir leis na príomhthionscadal bonneagair atá le cur i gcrích.

Mír thábhachtach den Chreat Náisiúnta Pleanála ná go n-aithnítear ann go ndearnadh earráidí san am a caitheadh agus gealltar imeacht ó na cineálacha cur chuige lochtacha sin. Beidh príomhról ag an mBord Pleanála ó thaobh na dtionscadal seo a mheasúnú agus na prionsabail atá leagtha amach sa phlean a chur i bhfeidhm chun fás pleanáilte inbhuanaithe a bhaint amach agus a bhainistiú.

### Ualach Oibre agus Feidhmíocht 2017

Mhéadaigh líon na gcásanna isteach in 2017 de 19% ar 2016, ach thit an ráta comhlíonta i gcás na spriocthréimhsí reachtúla 18 seachtaine don chinnteoireacht ó 79% in 2016 go 64% in 2017, de bharr folúntais ar an mBord ar feadh roinnt míonna in 2017. Shroich cúigear comhalta den Bhord deireadh a dtréimhse oifige sa dara ráithe de 2017 agus ghabh comhaltaí nua a n-áiteanna sa tréimhse as sin go deireadh bliana. Bhí folúntais ar an mBord ar feadh cuid den bhliain agus níor éirigh linn na spriocthréimhsí reachtúla a chomhlíonadh dá bharr.

### National Planning Framework

The National Planning Framework, published in 2017 by Government jointly with the National Development Plan as Project Ireland 2040, is a framework to guide development and investment over the coming years. It will constitute a very important framework for An Bord Pleanála for the future as it sets out a shared set of strategic objectives for rural, regional and urban development. While it does not set out to provide every detail for every part of the country, it does set out a clear set of objectives and enablers and a clear indication of a number of key infrastructural projects to be brought forward.

Importantly, the National Planning Framework identifies that mistakes have been made in the past and commits to a shift from those approaches. An Bord Pleanála will have a key role in assessing these projects and in applying the principles set out in the plan to assist in securing and managing future growth in a planned and sustainable way.

### Workload and Performance 2017

While case intake for 2017 increased by 19%, compliance with the statutory objective of 18 weeks for decision making was down from 79% in 2016 to 64% in 2017, mostly as a result of vacancies at Board level for a number of months in 2017. Five Board members reached the end of their terms of office in the second quarter of 2017 and were replaced over the period to year end. This resulted in a depleted Board for part of the year without the necessary capacity to comply with statutory timeframes.



Is é líon dóthanach comhaltaí a bheith ar an mBord agus leanúnachas a chinntiú an toisc is tábhachtaí, b'fheidir, ó thaobh an ráta comhlíonta a bheith ard i gcónaí. De réir mar a mhéadaíonn líon na gcásanna agus mar a thagann cásanna bonneagair faoi bhráid an Bhoird, beidh sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil an fhoireann is gá ar gach leibhéal, idir theicniúil agus riaracháin, ag an mBord Pleanála, chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach agus go críochnúil. Beidh sé fíorthábhachtach tacaíocht a bheith againn sa mhéid sin ón Roinn tuismitheora.

**Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta**

Foilsíodh Éire a Atógáil in 2016 agus ritheadh reachtaíocht in 2017 trínar féachadh le bearta nua a thabhairt isteach a dhíreodh ar an ngéarchéim tithíochta agus easpa dídine in Éirinn. Chiallaigh sin, don Bhord Phleanála, gur tugadh isteach iarratais dhíreacha do chatagóir nua Forbartha Straitéisí Tithíochta.

Maintaining Board membership at adequate levels and ensuring continuity is probably the single most important factor in keeping compliance levels high. As caseload continues to increase and key infrastructural cases come before the Board, it will be important to ensure that An Bord Pleanála has the appropriate staffing at all levels of the organisation, technical and administrative, to carry out its functions effectively and efficiently. Support from our parent Department will be extremely important in this regard.

**Strategic Housing Developments**

Following publication of Rebuilding Ireland in 2016, legislation was enacted in 2017 aimed at introducing new measures to address the crisis in housing and homelessness in Ireland. For An Bord Pleanála, this saw the introduction of direct applications for a new category of Strategic Housing Development.

Cuireadh an reachtaíocht i bhfeidhm go sealadach, go ceann trí bliana ar dtús. Ba é 16 seachtaine an spriocthréimhse reachtúil a leagadh síos do chinntí, agus den chéad uair riamh, is féidir pionós airgeadais a ghearradh ar an mBord Pleanála mura gcomhlíontar an spriocthréimhse sin.

The legislation was put in place on a temporary basis, initially for a period of 3 years. A statutory timeline for decisions of 16 weeks was established and, for the first time, An Bord Pleanála is subject to a financial penalty if those timelines are not met.

Fuarthas an chéad iarratas i Méan Fómhair 2017 agus tosaíodh ar chinneadh a eisiúint in Eanáir 2018. Is áthas liom a thuairisciú go bhfuarthas 27 iarratas suas go deireadh na Bealtaine 2018, agus gur cinneadh 18 díobh laistigh den spriocthréimhse 16 seachtaine. Tá na hiarratais eile idir lámha fós agus meastar go gcinnfear in am iad, leis.

The first application was received in September 2017 and decisions began to issue in January 2018. I am pleased to report that as of the end of May 2018, 27 applications have been received under this new regime, 18 of which have been decided all within the 16 week timeframe. The remaining applications on hands are also on track to be decided on time.

Ceadaíodh 3,208 aonad tithíochta (1,826 teach agus 1,382 árasán) mar aon le 3,602 spás leapa do mhic léinn sa tréimhse sin.

A total of 3,208 housing units, (1,826 houses and 1,382 apartments) and 3,602 student bed-spaces have been granted approval in that time.

**Fuinneamh In-athnuaite**

**Renewable Energies**

Ceanglaítear ar Éirinn 16% dá hacmhainní deiridh fuinnimh a chur ar fáil ó fhuinneamh in-athnuaite faoin 2020. Tá cinnte ag an Rialtas go sásófar céatadán mór den riachtanas sin trí 40% den leictreachas a ghiniúint ó acmhainní in-athnuaite agus is dócha gurb é an ghaoth ar an gcósta an acmhainn is mó díobh sin.

Ireland is legally bound to deliver 16% of its final energy resources from renewable energies by 2020. The Government has decided that within the overall target, the largest element is to be met by achieving a target of 40% of electricity generation from renewable resources with onshore wind expected to make the largest contribution.

Le blianta beaga anuas, dhéileáil an Bord Pleanála le líon mór achomharc agus iarratas díreach ar fheirmeacha gaoithe ar an gcósta agus Éire ag féachaint leis na gealltanais seo a chomhlíonadh.

In the past number of years, An Bord Pleanála has dealt with a large number of appeals and direct applications for on-shore wind farms as Ireland seeks to comply with these commitments.

Cnámh spairne ab ea iarratais ar fheirmeacha gaoithe a fhorbairt de bhrí gurb iad na ceantair scéimhe na ceantair is fiúntaí go minic ó thaobh acmhainn gaoithe agus féadfaidh siad a bheith gar do limistéir a bhfuil stádas speisialta comhshaoil acu faoi threoracha Eorpacha. Is fadhb eile é

Applications for development of wind farms have proved contentious as areas where the wind regime is most productive are often of high scenic value and can be in or proximate to areas with special environmental designations under the European directives. Proximity to residences is also an issue.



Grianghraf le caoinchead Irisleabhar Eolas Iúil 2017 / Photo courtesy of Eolas Magazine July 2017

Ó chlé: An Dr Mary Kelly (Cathaoirleach), Tom Rabbette (Stiúrthóír Cúnta Pleanála), Paul Reid (Comhairle Contae Fhine Gall), Philip Green (Stiúrthóír Cúnta Pleanála), Rachel Kenny (Stiúrthóir Pleanála) ag Seimineár ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta, Iúil 2017.
From left to right: Dr Mary Kelly (Chairperson), Tom Rabbette (Assistant Director of Planning), Paul Reid (Fingal County Council), Philip Green (Assistant Director of Planning), Rachel Kenny (Director of Planning) pictured at Strategic Housing Development Seminar, July 2017.

feirmeacha a bheith gar do thithe. Is minic a luaitear torann, caochaíl scáileanna agus tionchar físiúil i bhforais achomhairc, mar aon le cosaint chomhshaoil do speicis agus do ghnáthóga.

Ba mhaith leis an mBord Pleanála cothromaíocht a bhaint amach idir na dearcaí agus riachtanais éagsúla agus na cásanna seo á gcinneadh. In 2017, ní bhfuarthas ach líon beag iarratas ar thionscadail nua feirme gaoithe, de bharr líon na gceadanna atá i bhfeidhm cheana, is dócha.

Suas go 2015, ní raibh aon iarratas faighte ag an mBord Pleanála maidir le feirmeacha gréine. Ach tháinig borradh faoin ngníomhaíocht sin ó shin. Painéil fótavoltacha leagtha amach in eagair rialta is ábhar do na hiarratais seo. Go dtí sin, is ar thalamh thalmhaíochta amháin a bhí na tionscadail seo beartaithe.

Noise, shadow flicker and visual impacts are often cited in grounds of appeal, along with environmental protection of species and habitats.

An Bord Pleanála seeks to balance the differing views and requirements in making decisions on these cases. In 2017, the number of applications for new wind energy projects was quite low, probably reflecting the permissions already in place.

Up until 2015, An Bord Pleanála had not dealt with any appeals in relation to solar farms. However, since then, there has been a surge in activity in this field. The applications are for solar photovoltaic panels laid out in regular arrays. To date, proposals have all been for development on agricultural land.

Sa tréimhse go hAibreán 2018, chinn an Bord Pleanála 55 iarratas ar fheirmeacha gréine agus chonacthas go raibh claonadh i dtreo tograí mórscála de suas le 45MWe ag teacht chun cinn. Ó thaobh na tíreolaíochta, is ó chontaetha an oirdheiscirt (Contaetha Loch Garman, Phort Láirge, Chorcaigh, Chill Chainnigh agus Chill Mhantáin) a thagann formhór na n-achomharc agus fuarthas achomhairc ó chontaetha chomh fada ó thuaidh leis an Lú, an Mhí, an Cabhán, Ros Comáin agus an Longfort.

In the period to April 2018, An Bord Pleanála has decided 55 applications for solar farms with an emerging trend towards larger-scale proposals of up to to 45MWe. Geographically there is a higher density of appeal cases in the south east (Counties Wexford, Waterford, Cork, Kilkenny and Wicklow) but there have been appeals as far north as Counties Louth, Meath, Cavan, Roscommon and Longford.

Tacaíonn an beartas náisiúnta le húsáid an fhuinnimh in-athnuaite i bhfoirmeacha éagsúla, ach níl aon bheartas ná treoir ar leith ann ar leibhéal náisiúnta maidir leis an gcur chuige is fearr i leith suíomh, scála, lonnú agus dearadh feirmeacha gréine. Díol suntais is ea a thapa a dhírigh an tionscal fuinnimh ar chumais na cumhachta gréine agus is léir go mbeidh roinnt mhaith ceadanna tugtha sula mbeidh pleananna forbartha contae gob ar ghob leis an treocht i leith cumhacht ghréine, agus sula mbeidh tuiscint ag an bpobal ar conas mar a dhéanfar feirmeacha gréine a chomhtháthú leis an gcuid eile den tuath.

While national policy supports deployment of renewable energy in various forms, there are no specific policies or guidance at national level regarding the preferred approach to location, scale, siting and design of solar farms. The speed at which the energy industry has addressed itself to the potential of solar power has been notable and it is clear that quite a number of permissions will be in place before county development plans have ‘caught up’ with the trend towards solar power, and also before the public will have an appreciation of how solar farms will integrate in the countryside.

**Gnóthaí Dlí**

Is casta anois ná riamh an creat dlí sa réimse pleanála de bhrí go bhfuil réimis nua pleanála tionscanta ag Éirinn do chineálacha áirithe forbartha lena n-áirítear bonneagar straitéiseach agus forbairtí tithíochta agus tá iarracht á déanamh chun sraith Treoracha AE a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh, go háirithe an Measúnú Tionchair Timpeallachta agus na Treoracha um Ghnáthóga.

Ar na hathruithe a rinneadh i gcóras na gcúirteanna agus a rinne difear don Bhord Pleanála bhí Cúirt Achomhairc agus réimis nua costais a thabhairt isteach do chásanna áirithe. Tá méadú ar líon na gcaingne dlí in aghaidh chinntí den Bhord Pleanála agus is minic a bhíonn dúshláin faoi mheasúnuithe

**Legal Affairs**

The legislative framework covering the planning area has become more complex also as Ireland has initiated new planning regimes for certain types of developments including strategic infrastructure and housing developments and has sought to implement and comply with a suite of EU Directives, principally the Environmental Impact Assessment and Habitats Directives.

Changes in the courts system including the introduction of the Court of Appeal and new cost regimes for certain cases have also affected An Bord Pleanála. Legal challenges to decisions of An Bord Pleanála have increased, with grounds of appeal in judicial reviews often including challenges to the



An tAire Eoghan Ó Murchú TD leis an gCathaoirleach agus na comhaltaí de Bhord an Bhoird Phleanála, Méan Fómhair 2017.
Minister Eoghan Murphy TD pictured with Chairperson and members of the Board of An Bord Pleanála, September 2017.

timpeallachta atá déanta ag an mBord san áireamh sna forais achomhairc in athbhreithnithe breithiúnacha.

Mhéadaigh líon na n-athbhreithnithe breithiúnacha i gcás chinntí den Bhord ó 17 in 2012 go 48 in 2016 agus 47 in 2017. Is féidir é sin a chur síos do chineál na gcásanna atá á gcinneadh ag an mBord – cásanna achrannacha de ghnáth is ea cásanna feirme gaoithe agus cairéil – agus don réimeas nua costais agus do choinbhinsiún Aarhus a bheith á chur i bhfeidhm. Is é an impleacht ná nach bhfuil an Bord Pleanála i dteideal costais a athghabháil i gcásanna áirithe ina n-éiríonn leis, rud a dhéanann níos inacmhainne ar iarratasóirí é athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh a lorg. Ba é an toradh ar seo na costais dlí a iompraíonn an Bord Pleanála a mhéadú.

## Comhaltacht an Bhoird

In 2017, chríochnaigh cúigear comhaltaí den Bhord a dtéarma oifige leis an mBord

Board's carrying out of environmental assessments.

Judicial reviews of Board decisions have increased from 17 in 2012 to 48 in 2016 and 47 in 2017. This can be attributed to the type of case being decided by the Board – wind farm and quarry cases have been particularly contentious – and to the new costs regime and implementing the Aarhus convention. The implication of this is that An Bord Pleanála is no longer entitled to recover costs in certain cases in which it is successful, thus making it more affordable for applicants to seek judicial review of decisions. The effect of this has been to increase the legal costs borne by An Bord Pleanála.

## Board Membership

In 2017, five Board members completed their terms of office with An Bord Pleanála. I

Pleanála. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Nicholas Mulcahy, Fionna O'Regan, Michael Leahy, Paddy Keogh agus Gabriel Dennison, as an obair dhian a rinne siad agus iad i mbun cinnteoireachta agus feidhmeanna rialachais chorparáidigh ar son an Bhoird.

Ceapadh cúigear comhaltaí nua ar an mBord sa dara leath de 2017: Maria Fitzgerald, Eugene Nixon, Terry Ó Niadh, Terry Prendergast agus John Connolly agus, in 2018, ceapadh Michelle Fagan agus Stephen Bohan ar an mBord. Ciallaíonn sin go bhfuil aon chomhalta dhéag ar an mBord chun déileáil leis an méadú ar an riar cásanna. Níos tábhachtaí fós, beifear in ann iarratais agus achomhairc ar chásanna tithíochta agus cásanna a chur de láimh go héifeachtach agus go pras.

Ba mhaith liom fáilte a fhearadh roimh na comhaltaí nua chuig an mBord Pleanála agus na scileanna, an taithí agus an saineolas a thugann siad leo a admháil. Guím gach rath orthu le linn a dtéarmaí ar an mBord Pleanála.

Tá buíochas ag dul, leis, don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, go háirithe do Martin Higgins (Cathaoirleach) agus Jim Hurley, agus Philip Jones agus Terry Ó Niadh, ar comhaltaí inmheánacha iad, as obair an Choiste a threorú le linn 2017 agus as cuidiú leis an mBord obair thábhachtach rialachais chorparáidigh an Bhoird a dhéanamh.

**Foireann agus Struchtúir**

Tháinig 25 ball nua foirne isteach sa Bhord Pleanála in 2017. Ba é sin an chéad earcú tar éis blianta de lánchosc ar earcú daoine isteach sa tseirbhís phoiblí agus sa státseirbhís. Is mór againn an fuinneamh nua seo atá ag teacht isteach san eagraíocht.

would like to acknowledge and thank Nicholas Mulcahy, Fionna O'Regan, Michael Leahy, Paddy Keogh and Gabriel Dennison, for their commitment and performance in carrying out the decision making and corporate governance functions of the Board.

Five new members joined us in the second half of 2017, Maria Fitzgerald, Eugene Nixon, Terry Ó Niadh, Terry Prendergast and John Connolly and, in 2018, Michelle Fagan and Stephen Bohan have been appointed to the Board. This brings the Board to a total of 11 members to facilitate An Bord Pleanála in dealing with an increased caseload and, most importantly, to ensure efficient disposal of applications and appeals for housing and other strategic cases.

I would like to welcome these new members to An Bord Pleanála and to acknowledge the particular skills, experiences and expertise they bring with them. I wish them good fortune in their terms of office in An Bord Pleanála.

Thanks are due also to our Audit and Risk Committee, in particular, Martin Higgins (Chair) and Jim Hurley, and Philip Jones and Terry Ó Niadh, internal members, for guiding the work of the Committee during 2017 and assisting the Board in the important corporate governance work.

**Staffing and Structures**

During 2017, 25 new staff joined An Bord Pleanála. This followed a number of years when there was an embargo on recruitment to the public and civil service. It is good to see new blood flowing into the organisation and I welcome the energy which they bring with them.

Tá roinnt ball foirne a chuaigh ar scor i gcaitheamh na bliana. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Michael Donlan, Marie Doyle, Rita Kiernan, Helen Murphy agus Mary McGrath as na blianta seirbhíse a thug siad don eagraíocht.

**Focail Scoir**

Mar is gnách, braitheann an Bord Pleanála ar thacaíocht ón Roinn tuismitheora agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Eoghan Ó Murchú TD agus lena oifigigh as a gcuid tacaíocht ó cheann ceann na bliana.

Ós rud é gurb é seo an Tuarascáil Bhliantúil deiridh uaim, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a ghabháil le foireann uile an Bhoird Phleanála – mo chomhChomhaltaí ar an mBord, idir Chomhaltaí reatha agus Chomhaltaí atá éirithe as, an Coiste Bainistíochta, an fhoireann agus ár soláthraithe seachtracha seirbhíse – leo siúd uile a d'oibrigh liom le seacht mbliana anuas le linn athruithe agus dúshlán go leor. Molaim dóibh leanúint den obair mhór, glacadh le hathruithe agus thar aon ní eile cloí le croíluachanna na heagraíochta, a bhfuil ról tábhachtach ag gach duine acu inti.

**An Dr. Mary Kelly**
Cathaoirleach

29 Meitheamh 2018

A number of colleagues also retired during the year from the organisation. I would like to thank Michael Donlan, Marie Doyle, Rita Kiernan, Helen Murphy and Mary McGrath for their years of service to the organisation.

**Concluding Remarks**

As ever, An Bord Pleanála relies on the support of its parent Department and I would like to extend my thanks to Minister Eoghan Murphy TD and his officials for their support during the year.

In this, my final Annual Report, I would like to take this opportunity to acknowledge the entire An Bord Pleanála team - my fellow Board members, past and present, the Management Committee, the staff and our external service providers – all who have worked with me over the past 7 years during a period of great change and many challenges. I would like to encourage them to keep up the good work, to continue to embrace change and above all to maintain the core values of the organisation in which each of them plays an important role.

**Dr. Mary Kelly**
Chairperson

29th June 2018



# Cásobair Phleanála
# Planning Casework

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Na Cásanna Pleanála Uile | All Planning Cases |
| 2 | Gnáthachomhairc Phleanála | Normal Planning Appeals |
| 3 | Cásanna Forbartha Bonneagar Straitéiseach | Strategic Infrastructure Development Cases |
| 4 | Tionscadail Údaráis Áitiúil Eile | Other Local Authority Projects |
| 5 | Cásanna d’Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta | Strategic Housing Development Cases |
| 6 | Cineálacha Cásanna Suntasacha Eile | Other Significant Case Types |

# 1 Na Cásanna Pleanála Uile

# All Planning Cases

Méadaigh líon na gcásanna a fuarthas agus a cuireadh de láimh uair amháin eile in 2017.

Glacadh 2,570 cás pleanála in 2017 i gcomparáid le 2,163 in 2016 (rud ab ionann agus 19% de mhéadú), i bhfad ón mbuaic stairiúil de 1,810 chás in 2014 (Figiúr 1). Cinneadh 2,143 cás (cinntí agus cinneadh cásanna) i mbliana, suas ó 2,078 in 2016.

Ag tús 2017, bhí 762 cás idir lámha agus bhí sé sin laghdaithe go 1,189 faoi dheireadh na bliana (Figiúr 2).

In 2017, there continued to be an upward trend in the number of planning cases received and disposed of.

Total case intake was up just over 19% to 2,570 in 2017 compared to 2,163 in 2016, up from a historic low of 1,810 in 2014 (Figure 1). Disposal (decisions and determination of cases) numbered 2,143 cases during the year up from 2,078 in 2016.

At the start of 2017, there were 762 cases on hands and by year end, this stood at 1,189 (Figure 2).

**Figiúr 1**
Faighte, Curtha de Láimh agus Cásanna ar Láimh (Gach cás)

**Figure 1**
Intake, Disposal and Cases on Hand (All Cases)




[1] Ní áirítear ar an bhfigiúr cásanna Fógra Cairéil

[1] Figures exclude Quarry Notice cases.

**Figiúr 2**
Achoimre Gach Cás Pleanála

**Figure 2**
Summary of all Planning Cases

| | | 2017 | 2016 | Méadú / (laghdú) % Increase / (decrease) % |
|---|---|---|---|---|
| Idir lámha ag an tús | On hands at start | 762 | 677 | 13% |
| Faighte | Received | 2,570 | 2,163 | 19% |
| Curtha de láimh | Disposed of | 2,143 | 2,078 | 3% |
| Idir lámha ag an deireadh | On hands at end | 1,189 | 762 | 56% |
| Curtha de láimh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil[1] | Disposed of within statutory objective period[1] | 64%[1] | 79%[1] | - |
| Meán ama a tógadh (seachtainí)[1] | Average time taken (weeks)[1] | 18[1] | 17[1] | - |

1 Ní áirítear ar an bhfigiúr sin cásanna comhairliúcháin réamhiarratais

1 This figure excludes pre-application consultation cases.

## Cuspóirí Reachtúla Ama chun Cásanna a Chinneadh

**Leagtar síos i bhforálacha na nAchtanna Pleanála, Rialú Tógála agus Truaillithe Uisce, agus sna Rialacháin a rinneadh faoi na hAchtanna seo, gur cuspóir é de chuid an Bhoird Phleanála a chinntiú go gcinntear achomhairc agus gnóthaí eile laistigh de thréimhsí sonraithe ama. I bhformhór na gcásanna sin, is é 18 seachtaine an tréimhse; is é 4 mhí an tréimhse i gcásanna áirithe, agus i gcásanna eile fós níl aon chuspóir reachtúil ama.**

Socraíonn an Bord Pleanála cuspóirí bliantúla chun cásanna pleanála a thagann faoina bhráid a chinneadh laistigh de ocht seachtaine dhéag / ceithre mhí beag beann ar cibé an bhfuil cuspóir reachtúil ama i bhfeidhm nó nach bhfuil.

## Statutory Objective Periods for Determining Cases

**Provisions in the Planning, Building Control and Water Pollution Acts and Regulations made under these Acts set down as an objective of An Bord Pleanála a requirement to ensure that appeals and certain other matters are determined within specified periods of time. In most cases, this is 18 weeks; 4 months applies to some cases while in others no statutory objective time period applies.**

An Bord Pleanála sets annual objectives to determine planning cases which come before it within eighteen weeks / four months regardless of whether or not a statutory objective period applies.



## An Spriocthréimhse Reachtúil

In 2017 cinneadh 64% de chásanna laistigh den spriocthréimhse reachtúil i gcomparáid le 79% de chásanna in 2016 (Figiúr 3). Tharla an laghdú seo ar fheidhmíocht de bharr gur thit líon na gcinntí ag éirí as roinnt folúntas sa Bhord in 2017.

## Statutory Objective Period

In 2017, 64% of all planning cases were decided within the statutory objective period compared to 79% in 2016 (Figure 3). This decrease in performance was largely due to the fact that the number of decisions fell as there were a number of vacancies at Board level during 2017.

**Figiúr 3**
Cásanna a chinntíodh laistigh den sprioc

**Figure 3**
Cases determined within statutory objective



## Cásanna a Chur de Láimh i Seachtainí

Ocht seachtain déag ar an meán a thóg sé chun gach cás pleanála in 2017 a chinneadh, i gcomparáid le 17 seachtaine in 2016 (Figiúr 4).

## Disposal of Cases in Weeks

The total number of weeks it took to decide all planning cases in 2017 was 18 weeks up from 17 weeks in 2016 (Figure 4).

**Figiúr 4**
Meán ama a thóg sé cásanna a chur de láimh (seachtainí)

**Figure 4**
Average time taken to dispose of cases (weeks)

| Bliain | Gnáth-Achomhairc Phleanála | Forbairtí Bonneagair Straitéisigh | Gach cás eile[1,2] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Year** | **Normal planning appeals** | **Strategic Infrastructure Cases** | **All other cases[1,2]** | **All** |
| 2008 | 24 | 30 | 27 | 24 |
| 2009 | 23 | 35 | 25 | 23 |
| 2010 | 19 | 46 | 23 | 20 |
| 2011 | 17 | 51[1] | 18 | 18[1] |
| 2012 | 23 | 51[1] | 16 | 23[1] |
| 2013 | 19 | 37[1] | 33 | 23[1] |
| 2014 | 16 | 24[1] | 37 | 20[1] |
| 2015 | 15 | 27[1] | 30 | 17[1] |
| 2016 | 16 | 50[1] | 26 | 17[1] |
| 2017 | 17 | 22[1] | 30[1] | 18[1] |

[1] Ní áirítear ar an bhfigiúr sin cásanna comhairliúcháin reamhiarratais

[2] Eisiann sé gnáthachomhairc phleanála agus cásanna bonneagair straitéisigh

[1] This figure excludes pre-application consultation cases

[2] Excludes normal planning appeals and strategic infrastructure cases

# 2 Gnáthachomhairc Pleanála

# Normal Planning Appeals

B'ionann gnáthachomhairc phleanála, is é sin, achomhairc faoi alt 37 den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000 agus 79.4% (2,041) de na cásanna a glacadh in 2017. Tagann achomhairc mar sin chun cinn as cinntí a dhéanann údaráis phleanála ar iarratais ar chead chun talamh a fhorbairt; féadfaidh siad a bheith ina n-achomhairc chéad pháirtí, tríú páirtí nó ina n-achomhairc chéad agus tríú páirtí in éineacht.

Ba é 2,041 líon na ngnáthachomharc pleanála a fuarthas in 2017, (i gcomparáid leis an mbuaic de 5,891 in 2007). Méadú de 12% é sin, ó 1,827 cás in 2016.

Normal planning appeals (appeals received under section 37 of the 2000 Planning Act) accounted for 79.4% (2,041 cases) of intake in 2017. Such appeals arise from decisions by planning authorities on applications for permission for the development of land and can be first party, third party or first and third party.

The number of normal planning appeals received was 2,041 cases in 2017 (versus 5,891 peak in 2007). This is an increase of 12% from 1,827 cases received in 2016.

**Figiúr 5**
Gnáthachomhairc phleanála a fuarthas, a cuireadh de láimh agus atá idir lámha

**Figure 5**
Normal Planning Appeals received, disposed of and on hands



**Figiúr 6**
Gnáth-achomhairc Phleanála -
Faighte, Curtha de Láimh agus Ar Láimh

**Figure 6**
Normal Planning Appeals -
Received, Disposed of and On Hands

| | | 2017 | 2016 | Méadú / (laghdú) % Increase / (decrease) % |
|---|---|---|---|---|
| Idir lámha ag an tús | On hands at start | 565 | 483 | 17% |
| Faighte | Received | 2,041 | 1,827 | 12% |
| Curtha de láimh (Iomlán) | Disposed of (Total) | 1,742 | 1,745 | 0% |
| Curtha de Láimh go foirmeálta | Disposed of Formally | 1,427 | 1,468 | (3%) |
| Curtha de Láimh ar bhealaí eile | Disposed of Otherwise | 316 | 277 | 14% |
| Idir lámha ag deireadh | On hands at end | 864 | 565 | 53% |
| Curtha de láimh laistigh de sprioc thréimhse reachtúil | Disposed of within statutory objective period | 64% | 82% | - |
| Meán ama a tógadh (seachtainí) | Average time taken (weeks) | 17 | 16 | 8% |

I 2017, shocraigh an Bord Pleanála é mar chuspóir 80 - 90% d'achomhairc phleanála a chur de láimh laistigh den spriocthréimhse reachtúil. Athcheartaíodh an figiúr go 60-70% in Ráithe 4 mar léiriú ar an laghdú ar chomhaltaí Boird a bhí ar fáil chun cásanna a chinneadh. Cuireadh 64% de chásanna de láimh laistigh den tréimhse 18 seachtaine. 17 seachtaine ar an meán nach mór a thóg sé cás a chinneadh.

Ba ionann an chatagóir ‘curtha de láimh ar shlí eile’ agus cásanna a aistarrraingíodh, a bhí neamhbhailí nó a caitheadh amach agus 15% de na hachomhairc uile a fuarthas in 2017. Achomhairc neamhbhailí ab ea 184 den 316 chás sa chatagóir seo. Is achomhairc iad seo a dearbhaíodh mar achomhairc neamhbhailí de bhrí nár comhlíonadh critéir reachtúla áirithe, mar shampla, achomhairc dhéanacha, táillí míchearta, nó cúiseanna eile.

Cuirtear anailís eile ar ghnáthachomhairc phleanála ar fáil in Aguisín 1.

In 2017, An Bord Pleanála set an objective to dispose of 80-90% of normal planning appeals within the statutory objective period. This figure was revised in Quarter 4 to 60-70% to reflect the depletion of the number of Board members available to make decisions on cases. By year end, 64% of cases were disposed of within the 18 week period. The average time taken for a case to be decided was just under 17 weeks.

The category ‘disposed of otherwise’ which includes withdrawals, dismissals and invalids accounted for 15% of all appeals received in 2017. Of the 316 cases in this category, 184 were invalid appeals. These are appeals which have been declared invalid where compliance with certain statutory criteria has not been achieved for example, late appeals, incorrect fees, or other reasons.

Further analyses of normal planning appeal decisions are provided in Appendix 1.

## Cineálacha Forbartha

Le forbairt chónaithe a bhain 66% (1,347) de na ghnáthachomhairc phleanála, a fuair an Bord Pleanála in 2017.

Le forbairt miondíola a bhain 16% de na hachomhairc sa chéad chatagóir eile, ina bhfuarthas 177 achomharc; le hathruithe úsáide a bhain (28) díobh, ó ionad miondíola go bialann, nó siopa beir leat, nó oifig chearrbhachais, mar shampla, nó le cónascadh nó fo-roinnt aonad miondíola. Le fóntais a bhain céatadán suntasach eile achomharc; 123 achomharc den sórt sin a fuarthas in 2017.

## Development Types

Residential development accounted for 66% (1,347) of all normal planning appeals received in 2017.

The next largest category was retail development, where 177 appeals were received, 16% (28) of which related to changes of use, for example, from retail to restaurant, to take-away, or to betting office, or amalgamation or sub-division of retail units. Utilities also made up a significant category of appeals, 123 of which were received in 2017.

**Figiúr 7**
Gnáth-achomhairc Phleanála faighte de réir Cineál Forbartha

**Figure 7**
Normal Planning Appeals by Development Type received




[1] I gcás dhá aonad nó níos mó agus áirítear leithlanna air.

* Airítear ar 'Cónaithe' aonaid i mbrúnna, in óstáin, i dtithe altranais agus i gcineálacha cóiríochta den chineál céanna, agus d'fhéadfaí iad a bheith san áireamh i gcatagóirí forbartha eile.

[1] For 2 or more units and includes apartments.

* 'Residential' includes units in hostels, hotels, nursing homes and similar types of accommodation and may also be included, as part of other development categories.

## Achomhairc Thús Áite

Rangaítear roinnt de na gnáthachomhairc phleanála mar 'Achomhairc Thús Áite'. Is achomhairc iad sin a bhaineann le forbairtí a d'fhéadfadh líon mór post a chur ar fáil, nó le tionscadail a bhféadfadh tábhacht gheilleagrach a bheith leo ar scála náisiúnta, réigiúnach agus / nó áitiúil agus le forbairtí tithíochta de 30 aonad nó níos mó. Tugtar tús áite d'fhoirgnimh nua scoile / áiseanna oideachais, agus leathnuithe de réir bheartas an Rialtais sa réimse seo.

Tugtar tús áite do na cásanna sin chun dlús a chur leo tríd an gcóras. I 2017 cuireadh 84% de na hachomhairc tús áite ar fad de láimh laistigh den sprioc de 18 seachtaine.

## Priority Appeals

Certain categories of planning appeals are classified as 'Priority Appeals'. These include appeals in respect of developments which have significant employment or economic potential, on a national, regional and / or local scale and for housing developments of 30 or more units. New school buildings / educational facilities, and extensions are prioritised in line with Government policy in this area.

These cases are given priority status in order to expedite them through the system. In 2017, 84% of all priority appeals were disposed of within the target of 18 weeks.

**Figiúr 8**
Samplaí d'Achomhairc Thosaíochta

**Figure 8**
Examples of Priority Appeals

| Cás | Cinneadh | Case | Decision |
|---|---|---|---|
| Taiscumar Uisce ag Taiscumar Stigh Lorgan, Co. Bhaile Átha Cliath | Cead le coinníollacha | Water reservoir at Stillorgan Reservoir, Co. Dublin | Grant with conditions |
| Forbairt mheasctha lena n-áirítear 52 theach, Bóthar Mhuine Mheá, Gaillimh | Cead le coinníollacha | Mixed development including 52 houses, Monivea Road, Galway | Grant with conditions |
| Forbairt chónaithe agus lárionad sráidbhaile, Baile Dúill, Baile Átha Cliath 13 | Cead le coinníollacha | Residential development and village centre, Baldoyle, Dublin 13 | Grant with conditions |
| Forbairt thráchtála agus cónaithe, Cé an Easpaig Íocht., Sráid Shisil agus Sráid Anraí, Luimneach | Cead le coinníollacha | Commercial and residential development, Bishops Quay Lower, Cecil St and Henry St, Limerick | Grant with conditions |
| Leathnú scoile, Cluain na Lobhar, Trá Lí, Co. Chiarraí | Cead le coinníollacha | School extension, Cloonalour, Tralee, Co. Kerry | Grant with conditions |
| 39 aonad cónaithe, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise | Cead le coinníollacha | 39 residential units, Portarlington, Co. Laois | Grant with conditions |
| Forbairt chónaithe, Achadh an Iúir, Co. an Chabháin | Diúltú | Residential development, Virginia, Co. Cavan | Refuse |
| 219 aonad cónaithe, Guaire, Co. Loch Garman | Diúltú | 219 residential units, Gorey, Co. Wexford | Refuse |

I 2017 fuarthas trí achomharc i dtaca le tionscadail scoile /oideachais agus cuireadh de láimh iad laistigh den spriocthréimhse reachtúil.

Three appeals for school / education projects were disposed of within the statutory objective period in 2017.

## Tithíocht

Mhéadaigh líon na n-achomharc ar fhorbairtí tithíochta il-urlár: fuarthas 111 chás de 30+ aonad in 2017, i gcomparáid le 91 in 2016. De na cásanna a fuarthas, bhain 40 le forbairtí de 100+ aonad tithíochta. In 2017, chuir an Bord Pleanála 96 n-achomharc de láimh maidir le 30+ aonad tithíochta (31 maidir le 100+ aonad).

## Housing Appeals

The number of appeal cases for multi-unit housing developments received has increased with 111 cases of 30+ units in 2017, up from 91 in 2016. Of the cases received, 40 related to developments of more than 100+ housing units. During 2017, 96 appeals for developments of 30+ housing units were disposed of (31 for 100+ units).

**Figiúr 9**
Forbairtí Tithíochta a fuarthas (30+ aonad) de réir na bliana

**Figure 9**
Housing Developments received (30+ units) by year



## Fuinneamh in-athnuaite

Laghdaigh líon na gcásanna feirme gaoithe a fuarthas in 2017 ó 14 go 7. Mar sin féin, ba chuid shuntasach i gcónaí den ualach oibre iad na cásanna seo de bhrí go mbíonn Ráiteas Tionchair Timpeallacht (EIA) agus / nó Measúnú Oiriúnachta de dhíth maidir lena bhformhór.

Fuarthas ceithre achomharc is caoga maidir le hiarratais ar fheirmeacha gréine, agus den 18 a cuireadh de láimh, ceadaíodh seacht gcinn agus diúltaíodh dhá cheann. Bhain cúig cinn le ranníocaíocht airgeadais amháin agus cuireadh ceithre cinn eile de láimh ar shlí éigin eile.

## Achomhairc de réir Ceantair

Tugtar in Aguisín 2 anailís ar chinntí ar iarratais phleanála, a rinne údaráis áitiúla agus achomhairc ghaolmhara chuig an mBord Pleanála i gcás gach limistéir contae, limistéar cathrach agus limistéar comhnasctha contae agus cathrach. Achomhairc ab ea 7.3% de na hiarratais phleanála a fuarthas sa bhliain 2017 (i gcomparáid le 6.9% sa bhliain 2016).

Ba iad Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a fuair an líon ba mhó achomharc in aghaidh cinntí - 15.8%, 13.2% agus 12.6% - faoi seach.

## Sustainable Energy

The number of wind farm appeal cases received during 2017 declined from 14 to 7. However, these cases continue to remain a significant workload as the majority require Environmental Impact Assessment (EIA) and / or Appropriate Assessment (AA).

Fifty-four appeals on solar farm applications were received during the year, and of the 18 cases which were disposed of, seven were granted, and two refused. Five related to financial contribution only and four were otherwise disposed of.

## Appeals by Area

An analysis of planning application decisions by local authorities and related appeals to An Bord Pleanála for each county, city and amalgamated county and city area is shown in Appendix 2. Overall, the number of appeals received in 2017 as a percentage of planning authority applications was 7.3% (6.9% in 2016).

Dublin City Council, Cork City Council and Dún Laoghaire-Rathdown County Council had the highest levels of decisions appealed respectively at 15.8%, 13.2% and 12.6%.

# 3 Cásanna Forbartha Bonneagar Straitéiseach

# Strategic Infrastructure Development Cases

**Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, leasaithe, déantar iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh idir phoiblí agus phríobháideach go díreach chuig an mBord Pleanála.**

**Under the Planning and Development Act 2000, as amended, applications for public and private Strategic Infrastructure Development (SID) are made directly to An Bord Pleanála.**

Fuarthas cúig iarratas in 2017 agus le cás athghníomhachtaithe amháin eile tugadh líon na n-iarratas go 91 ó tháinig na forálacha reachtacha i bhfeidhm in 2007. Gheofar miondealú ar na hiarratais de réir catagóire i bhFigiúr 10.

Gheofar na hiarratais a fuarthas in 2017 liostaithe i bhFigiúr 11.

Five applications were submitted in 2017 with one re-activated case bringing the total number of applications made to 91 since the legislative provisions became operative in 2007. A breakdown of the applications received by category is in Figure 10.

The applications received in 2017 are listed in Figure 11.

**Figiúr 10**
Miondealú ar na hiarratais ar Bhonneagar Straitéiseach a fuarthas go deireadh 2017

**Figure 10**
Breakdown of Strategic Infrastructure Applications received to end 2017



**Figiúr 11**
Miondealú ar na hiarratais ar Bhonneagar Straitéiseach a fuarthas in 2017

**Figure 11**
Strategic Infrastructure Applications received in 2017

| Cás | Case |
|---|---|
| Saoráid Próiseála agus Aistriú Fuíollábhar ag Bóthar Cheapaí, Baile Átha Cliath | Waste Materials Processing and Transfer Facility at Cappagh Road, Dublin |
| An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais ag Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath 4 | National Maternity Hospital at St Vincent's University Hospital Campus, Dublin 4 |
| Úsáid breoslaí malartacha ag Oibreacha Stroighne Phlaitín, Co. na Mí | Use of alternative fuels at Platin Cement Works, County Meath |
| Feirm Ghaoithe na Míne Boige, Co. Dhún na nGall | Wind farm Meenbog, County Donegal |
| Tuilleadh forbairtí ag Saoráid Fuíollábhair ag Droichead, Co. Chill Dara | Further developments at the Waste Facility at Drehid, County Kildare |

Sula gcuirtear iarratas isteach tá sé éigeantach comhairliú réamhiarratais a dhéanamh leis an mBord Pleanála (ach amháin i gcás údaráis áitiúla). In 2017, fuarthas 26 iarratas ar chomhairliú réamhiarratais i gcásanna forbairt bonneagair straitéisí, bhí 49 cruinniú ann agus tugadh 27 iarratas chun críche.

Den 27 iarratas a fuarthas, measadh 6 cinn díobh a bheith ina bhforbairt bonneagair straitéisí, nárbh amhlaidh i gcás 18 iarratas agus cuireadh 3 iarratas de láimh ar shlí eile.

I gcaitheamh 2017, ceithre iarratas príobháideach ar fhorbairt straitéiseach bonneagair chun críche: tugadh cead d'fheirm ghaoithe, áis próiseála agus aistrithe fuíollábhair agus ospidéal máithreachais. Diúltaíodh cead d'fheirm ghaoithe (Figiúr 12).

Prior to submitting an application it is mandatory to have a pre–application consultation with An Bord Pleanála (with the exception of local authorities). In 2017, 26 requests for pre-application consultations were received for strategic infrastructure development cases, 49 meetings were held and 27 requests were concluded.

Of the 27 requests concluded, 6 were deemed to be strategic infrastructure development, 18 were deemed not to be and 3 were otherwise disposed.

During 2017, four private strategic infrastructure development applications were concluded with permission granted for a wind farm, a waste materials processing and transfer facility and a maternity hospital. Permission was refused for a wind farm (Figure 12).

**Figiúr 12**
Iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh Tugtha chun Críche

**Figure 12**
Strategic Infrastructure Development Applications Concluded

| Iarratais Phríobháideacha (7ú Sceideal) | | Private Applications (7th Schedule) | |
|---|---|---|---|
| **Cur síos** | **Cinneadh** | **Description** | **Decision** |
| An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais ag Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath 4 | Cead le coinníollacha | National Maternity Hospital at St Vincent's University Hospital Campus, Dublin 4 | Grant with conditions |
| Saoráid Próiseála agus Aistriú Fuíollábhar ag Bóthar Cheapaí, Baile Átha Cliath | Cead le coinníollacha | Waste Materials Processing and Transfer Facility at Cappagh Road, Dublin | Grant with conditions |
| Feirm Ghaoithe, Co. Uíbh Fhailí | Cead le coinníollacha | Wind Farm, County Offaly | Grant with conditions |
| Feirm Ghaoithe, Co. na Mí | Diúltú ceada | Wind Farm, County Meath | Refuse permission |

**Figiúr 13**
Cásanna Forbartha Bonneagair Straitéisigh (Aonáin Phríobháideacha agus Gealltóirí Reachtúla)

**Figure 13**
Strategic Infrastructure Development Cases (Private Entities and Statutory Undertakers)

| | | Ar láimh, tús | Faighte | Críochnaithe | Ar láimh, deireadh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **On-hands start** | **Received** | **Concluded** | **On-hands end** |
| Iarrataí ar Chomhairliúchán | Consultation Requests | 38 | 26 | 27 | 37 |
| Iarratais | Applications | 4 | 6 | 4 | 6 |
| Iarrataí ar Athrú / Leasú | Alteration / Amendment Requests | 2 | 9 | 6 | 5 |
| Tarchuir | Referrals | 1 | 0 | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **Total** | **45** | **41** | **38** | **48** |

## Iarratais ó Údaráis Áitiúil ar Bhonneagar Forbartha Straitéisigh

Fuarthas cúig iarratas déag ar bhonneagar straitéiseach (iarratais ghaolmhara ceannach éigeantaigh san áireamh) ó údaráis áitiúla in 2017, agus feictear roinnt dóibh i bhFigiúr 14.

## Local Authority Strategic Infrastructure Development Applications

Fifteen strategic infrastructure applications (including related compulsory acquisition requests) were received from local authorities in 2017, some of which are listed below in Figure 14.

**Figiúr 14**
Iarratais ó Údaráis Áitiúil ar Bhonneagar Forbartha Straitéisigh

**Figure 14**
Local Authority Strategic Infrastructure Development Applications

| Cás | Case |
|---|---|
| Scéim Mhótarbhealaigh an M28 Corcaigh go Rinn an Scídigh, Co. Chorcaigh | M28 Cork to Ringaskiddy Motorway Scheme, Co. Cork |
| Forbairt bóthair an N5, Bealach an Doirín go Scramóg, Co. Ros Comáin | N5 Ballaghaderreen to Scramoge road development, Co. Roscommon |
| Bóthar Dáileacháin Átha Í, Co. Chill Dara | Athy Distributor Road, Co. Kildare |
| Droichead do choisithe agus rothair ag Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí | Pedestrian and cycleway bridge at Athlone, Co. Westmeath |
| Seachbhóthar Lios Tuathail, Co. Chiarraí | Listowel By-Pass, Co. Kerry. |
| Spás Cathartha agus bearta bainistithe tráchta, Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath | Civic Plaza and traffic management measures, College Green, Dublin |
| Scéim Faoisimh Tuilte Dhúglas, Co. Chorcaigh | Douglas Flood Relief Scheme, Co. Cork |
| Ionad Cuairteoirí Shliabh Bhaile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath | Dublin Mountain Visitors Centre, Co. Dublin |
| Feabhsúchán Líonta Talún Bhaile Chairdif, Co. Chill Dara | Kerdiffistown Landfill Remediation, Co. Kildare |
| Scéim Bainistithe Tuilte na Moiréile, Co. Chill Dara | River Morell Flood Management Scheme, Co. Kildare |

Ar na hiarratais a cinneadh i gcaitheamh na bliana bhí:

Applications determined during the year included:

**Figiúr 15**
Iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh ó údaráis áitiúla a cinneadh

**Figure 15**
Local Authority Strategic Infrastructure Development Applications decided

| Cás | Cinneadh | Case | Decision |
|---|---|---|---|
| Seachbhóthar Lios Tuathail, Co. Chiarraí | Ceadaithe | Listowel By-Pass, Co. Kerry | Approved |
| Droichead do Choisithe agus Rothair, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí | Ceadaithe | Pedestrian and Cycleway Bridge, Athlone, Co. Westmeath | Approved |
| Bóthar Dáileacháin Átha Í, Co. Chill Dara | Ceadaithe | Athy Distributor Road, Co. Kildare | Approved |
| Scéim Faoisimh Tuilte Dhúglas, Co. Chorcaigh | Ceadaithe | Douglas Flood Relief Scheme, Co. Cork | Approved |
| Ionad an Bhaile, Bré, Co. Chill Mhantáin | Ceadaithe | Town Centre, Bray, Co. Wicklow | Approved |
| Saoráid Aisghabhála Camrais, Co. Chill Mhantáin | Diúltaithe | Waste Soils Recovery Facility, Co. Wicklow | Refused |

**Figiúr 16**
Cásanna Forbartha Bonneagair Straitéisigh de chuid Údaráis Áitiúla

**Figure 16**
Local Authority Strategic Infrastructure Development Cases

| | | Faighte | Críochnaithe | Ar láimh, deireadh |
|---|---|---|---|---|
| | | **Received** | **Concluded** | **On-hands end** |
| Iarratais | Applications | 15 | 9 | 9 |
| Cásanna Scagtha um Mheasúnú Tionchar Timpeallachta | Environmental Impact Assessment Screening Cases | 5 | 4 | 3 |
| Iarrataí ar Athrú / Leasú | Alteration / Amendment Requests | 1 | 1 | 1 |
| Comhairliúcháin | Consultations | 2 | 3 | 3 |
| **Iomlán** | **Total** | **23** | **17** | **16** |

# 4 Tionscadail Údaráis Áitiúil Eile

# Other Local Authority Projects



Bhí méadú ar líon na gcásanna éadála éigeantaí a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála in 2017. Ina measc siúd bhí orduithe ceannaigh éigeantaigh faoi Acht Tithíochta agus éadáil faoi Acht na Láithreán Tréigthe.

Mhéadaigh líon na gcásanna ceannaigh éigeantaigh ó thosaigh údaráis áitiúla ag baint úsáid as cumhachtaí chun réadmhaoine a cheannach ar mhaithe le riachtanais tithíochta sóisialta a chomhlíonadh. Ba é 22 cás sa bhliain an meán idir 2010 agus 2015 i gcomparáid le 80 cás in 2017.

Thug an Bord Pleanála beartas isteach maidir le riachtanais tithíochta sa Stát ionas go gcuirtear €3,000 de theorainn costas ar gach cás ina bhfuil talamh á cheannach go héigeantach nuair is é an bunaidhm tithíocht shóisialta a chur ar fáil.

There was an increase in 2017 in the number of compulsory acquisition cases to come before An Bord Pleanála. These included compulsory purchase orders (CPO) under the Housing Act and acquisition under the Derelict Sites Act.

Compulsory Purchase Order cases have increased as local authorities are using powers to acquire properties to meet social housing needs. The average number of cases received in the period 2010 to 2015 was 22 cases per year versus 80 cases in 2017.

An Bord Pleanála introduced a policy in 2017 so that costs involved in the compulsory acquisition of land where the underlying purpose is for the provision of social housing are generally capped at €3,000 per case.

I measc na mbeart eile bhí mionteagaisc d'fhoireann na n-údarás áitiúil maidir le nósanna imeachta ceannaigh éigeantaigh mar chuid de sheimineáir a d'eagraigh an Ghníomhaireacht Tithíochta.

Other measures included briefings to local authorities' staff in relation to compulsory acquisition procedures as part of seminars organised by the Housing Agency.

### Ceannach Éigeantach

De na cásanna ceannaigh éigeantaigh a tugadh chun críche in 2017, ceadaíodh 15 cás gan mionathrú agus dhá cheann le mionathrú. Diúltaíodh do cheann amháin agus cuireadh ceithre cinn ar neamhní. Rinneadh 56 cinneadh neamhfhoirmiúil, i gcásanna nuair nár chuir duine ar bith in aghaidh Ordú Ceannaigh Éigeantaigh. De na cásanna a cinneadh go foirmiúil, cuireadh 82% de láimh laistigh den spriocthréimhse reachtúil.

### Compulsory Acquisition

Of the compulsory acquisition cases concluded in 2017, 15 cases were approved without modifications and two were approved with modifications. One was refused and four were annulled. There were 56 informal decisions, for instance, where no objections were received in Compulsory Purchase Order cases. Of the formally decided cases, 82% were disposed of within the statutory objective period.

**Figiúr 17**
Tionscadail Údaráis Áitiúil

**Figure 17**
Local Authority Projects

| | | Faighte | Críochnaithe | Ar láimh, deireadh |
|---|---|---|---|---|
| | | **Received** | **Concluded** | **On-hands end** |
| Fáil Éigeantach Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) | Compulsory Acquisition Compulsory Purchase Order (CPO) | 80 | 68 | 21 |
| Fáil Éigeantach Láithreán Tréigthe | Compulsory Acquisition Derelict Sites | 14 | 9 | 6 |
| Ceannach Éigeantach Struchtúir atá faoi Chosaint | Compulsory Acquisition Protected Structures | 1 | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **Total** | **95** | **78** | **27** |

## Cásanna Údaráis Áitiúil de Mheasúnú Cuí

**Is éard is Measúnú Oiriúnachta ann measúnú ar an tionchar diúltach a d'fhéadfadh plean nó tionscadal a dhéanamh d'iomláine suímh atá faoi chosaint ag Treoir an AE maidir le Gnáthóga.**

**I gcás ina n-iarrtar Measúnú Oiriúnachta maidir le tionscadal údaráis áitiúil nó i gcás ina gcaithfear cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil gá le Measúnú Oiriúnachta, is é an Bord Pleanála an tÚdarás Inniúil.**

Fuair an Bord Pleanála 11 chás Measúnachta Oiriúnachta in 2017 agus tugadh cúig chás chun críche. De na cúig chás seo, ceadaíodh ceithre cinn agus diúltaíodh ceann amháin (Figiúr 18).

## Local Authority Appropriate Assessment Cases

**Appropriate Assessment is an assessment of the potential of a plan or project to adversely affect the integrity of a site which is protected under the EU Habitats Directive.**

**Where a local authority project requires Appropriate Assessment or where it needs to be determined whether or not Appropriate Assessment is required, the Competent Authority is An Bord Pleanála.**

In 2017, 11 Appropriate Assessment cases were received and five concluded. Of these five cases, four were approved and one was refused (Figure 18).

**Figiúr 18**
Cásanna Measúnacht Chuí

**Figure 18**
Appropriate Assessment Cases

| | | Faighte<br>**Received** | Críochnaithe<br>**Concluded** | Ar láimh, deireadh<br>**On-hands end** |
|---|---|---|---|---|
| Iarratais ar Mheasúnacht Chuí | Appropriate Assessment Applications | 10 | 5 | 8 |
| Cinntí Mheasúnacht Chuí | Appropriate Assessment Determinations | 1 | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **Total** | **11** | **5** | **9** |

# 5 Cásanna d'Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta

# Strategic Housing Development Cases



Grianghraf le caoinchead Irisleabhar Eolas Iúil 2017 / Photo courtesy of Eolas Magazine July 2017

## Forbairt Straitéiseach Tithíochta

Tar éis an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2016 a achtú an 23 Nollaig 2016, tháinig na rialacháin ghaolmhara i bhfeidhm an 3 Iúil 2017.

Ceadaítear faoin reachtaíocht iarratais a dhéanamh go díreach chuig an mBord Pleanála suas go Nollaig 2019 maidir le forbairtí straitéiseacha tithíochta (100 teach nó níos mó nó 200 spás leapa i gcás cóiríocht do mhic léinn).

I gcaitheamh 2017, bhunaigh An Bord Pleanála Aonad um Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta agus rannán nua den Bhord (faoi mar ba ghá faoin reachtaíocht) chun an fheidhm nua seo a chur i bhfeidhm agus na hiarratais seo a chinneadh.

Áirítear ar an bpróiseas iarratais ar fhorbairtí straitéiseacha tithíochta comhairliú réamhiarratais sula ndéantar iarratas.Sna chéad sé mhí den phróiseas nua, fuarthas 47 iarratas nua ar chomhairliúchán. Den 47

## Strategic Housing Development

Following the enactment of the Planning and Development (Housing) and Residential Tenancies Act 2016 on 23rd December 2016, the associated Regulations came into operation on 3rd July 2017.

The legislation allows for applications for strategic housing developments (100 or more houses or 200 or more bed spaces for student accommodation) to be made directly to An Bord Pleanála up until December 2019.

During 2017, An Bord Pleanála established a dedicated Strategic Housing Development Unit and a new division of the Board (as required under legislation) was enacted to implement this new function and decide on these applications.

The application process for strategic housing developments includes a pre-application consultation prior to making an application. In the first 6 months of operation of the new process, 47 requests for consultations were

iarratas sin, iarratais bhailí ab ea 36 díobh le dul isteach i gcomhairliú réamhiarratais. Eisíodh tuairimí i ngach ceann den 36 cás laistigh den spriocthréimhse. Eisíodh 25 den 36 tuairim roimh dheireadh na bliana.

Faoi dheireadh Nollaig 2017, bhí 13 iarratas bhailí ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta faighte ag an mBord Pleanála, agus cinneadh gach ceann díobh ó shin laistigh den tréimhse éigeantach 16 seachtaine.

received, of which 36 were valid and entered the pre-application consultation process. Opinions issued on all 36 cases within the required time period, with 25 issued by year end.

By the end of December 2017, An Bord Pleanála had received 13 valid applications for Strategic Housing Developments, all of which have since been decided within the mandatory 16 week period.

**Figiúr 19**
Iarratais ar Chomhairliúchán Réamhiarratais maidir le Forbairt Straitéiseach Tithíochta 2017

**Figure 19**
Strategic Housing Development Pre-Application Consultation Requests and Applications 2017

| | | **Faighte**<br><br>**Received** | **Tuairim eisithe / Cinnte go foirmiúil[1]**<br><br>**Opinion issued / Formally decided[1]** | **Curtha de láimh i slí eile**<br><br>**Disposed of otherwise** | **Ar láimh, deireadh**<br><br>**On-hands end** |
|---|---|---|---|---|---|
| Comhairliúcháin | Consultations | 47 | 25 | 11 | 11 |
| Iarratais | Applications | 13 | 0 | 0 | 13 |
| Tuairim scópála nó cinneadh scagtha i gcás iarratais EIA nó AA. | Scoping opinion or screening determination for EIA or AA requests | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **Total** | **60** | **25** | **11** | **24** |

[1] Mar is cuí

[1] As appropriate

# 6 Cineálacha Cásanna Suntasacha Eile

# Other Significant Case Types

## Toilithe Ionaid

Déantar iarratas ar thoiliú ionaid go díreach chuig an mBord Pleanála maidir le forbairt a rinneadh cheana féin nuair ba chóir Measúnú Tionchair Timpeallachta, Cinneadh maidir le Measúnú Tionchair Timpeallachta agus / nó Measúnú Oiriúnachta a dhéanamh, measúnú nach ndearnadh.

Bhain formhór na n-iarratas ar thoiliú ionaid a fuair an Bord go dtí seo le cairéil ag éirí as próiseas Alt 261A. Chuir an Bord 34 cás de thoiliú ionaid de láimh ó cheann ceann na bliana 2017.

I gcaitheamh 2017, fuarthas ceithre iarratas eile ar thoiliú ionaid, ceann amháin a bhí bainteach le cairéil agus trí cinn a bhain le hábhair eile. Bhí 17 cás toilithe ionaid ar láimh i gcónaí ag deireadh na bliana, agus bhain a bhformhór le hiarratais faoi Alt 37L.

## Substitute Consents

A substitute consent application is for a permission made directly to An Bord Pleanála in respect of development already carried out and which should have been subject to Environment Impact Assessment, Environmental Impact Assessment Determination and / or Appropriate Assessment but where such assessments were not carried out.

The majority of substitute consent applications received to date have been in relation to quarries following on from the Section 261A process. An Bord Pleanála concluded 34 such cases in 2017.

During 2017, a further four substitute consent applications were received one relating to a quarry and three relating to other issues. Seventeen substitute consent cases were still on hands at the end of the year, the majority of which are associated with Section 37L applications.

**Figiúr 20**
Cásanna Toilithe Ionaid 2017

**Figure 20**
Substitute Consent Cases 2017

| | | Faighte | Críochnaithe | Ar láimh, deireadh |
|---|---|---|---|---|
| | | **Received** | **Concluded** | **On-hands end** |
| Iarratas ar Thoiliú Ionaid | Application for Substitute Consent | 4 | 23 | 10 |
| Iarratas ar Shíneadh Ama | Request for Extension Time | 4 | 4 | 1 |
| Cead chun Iarratas a dhéanamh ar Thoiliú Ionaid | Leave to Apply for Substitute Consent | 4 | 5 | 6 |
| Comhairliúcháin Toiliú Ionaid | Substitute Consent Consultation | 0 | 0 | 0 |
| Cead chun Iarratas a dhéanamh ar Thoiliú Ionaid S261A(20) | Leave to Apply for Substitute Consent S261A(20) | 0 | 2 | 0 |
| **Iomlán** | **Total** | **12** | **34** | **17** |





## Forbairt Bhreise ar Chairéil – Iarratais Alt 37L

Faoi reachtaíocht a tugadh isteach in 2015 tugadh cead d'oibreoirí cairéil a raibh iarratas 'beo' acu ar thoiliú ionaid faoi bhráid an Bhoird acu nuair a tháinig an reachtaíocht i bhfeidhm iarratais a chur ar aghaidh díreach chuig an mBord ar chead chun a gcuid cairéal a fhorbairt tuilleadh. Fuarthas 29 iarratas san iomlán, 16 díobh i gcaitheamh 2017. Is gá na hiarratais a mheasúnú i gcomhar leis an iarratas ábhartha ar thoiliú ionaid. Iarratais chasta iad, dá réir. Chuir an Bord seacht gcás déag de láimh in 2017.

## Further Development of Quarries – Section 37L Applications

Legislation introduced in 2015 allowed quarry operators with 'live' substitute consent applications before An Bord Pleanála at the time the legislation came into effect to lodge applications directly for permission for further development of quarries. In total, 29 such applications have been received (16 during 2017). These applications require assessment in conjunction with the relevant substitute consent application and are particularly complex. An Bord Pleanála disposed of seventeen of these cases during 2017.

**Figiúr 21**
Iarratais agus Comhairliúcháin Nua Cairéil 2017

**Figure 21**
New Quarry Applications and Consultations 2017

| | | Faighte | Curtha de Láimh | Ar láimh, deireadh |
|---|---|---|---|---|
| | | **Received** | **Disposed** | **On-hands end** |
| Iarratais | Applications | 1 | 17 | 5 |
| Comhairliúcháin | Consultations | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **Total** | **1** | **17** | **5** |

## Tobhach Láithreán Folamh

Foráiltear san Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht 2015 le haghaidh achomharc chuig an mBord Pleanála in aghaidh iontráil ar chlár na láithreán folamh, nó in aghaidh an tobhaigh láithreán folamh nó an dá cheann.

Bunaíodh grúpa oibre inmheánach chun tús a chur leis na nósanna imeachta oibriúcháin maidir leis na hachomhairc seo.

Fuarthas an chéad achomharc in aghaidh iontráil ar Chlár na Láithreán Folamh an 21 Aibreán 2017. Fuair an Bord Pleanála 41 achomharc san iomlán in 2017, 38 cinn díobh a bhí bailí agus trí cinn nach raibh. Faoi dheireadh na bliana bhí 12 achomharc cinnte agus dheimhnigh an mBord iontráil ar Chlár na Láithreán Folamh i ngach ceann de na 12 cás. Bhí 26 achomharc idir lámha ag deireadh 2017.

## Vacant Site Levy

The Urban Regeneration and Housing Act 2015 provides for appeals to An Bord Pleanála against entry on the vacant sites register, or against the vacant site levy, or both.

An in-house working group was set up to initiate the necessary operating procedures for these appeals.

The first appeal against entry on the vacant sites register was received on 21st April 2017. In total, An Bord Pleanála received 41 of these appeals in 2017 (38 valid and 3 invalid). By year end, 12 appeals had been decided with the Board confirming entry on the vacant sites registers in all 12 cases. There were 26 appeals remaining on hands at the end of 2017.

**Figiúr 22**
An Tobhach Láithreán Folamh

**Figure 22**
Vacant Site Levy

| | | Faighte | Curtha de Láimh go foirmeálta | Curtha de láimh i slí eile | Ar láimh, deireadh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Received** | **Disposed of formally** | **Disposed of otherwise** | **On-hands end** |
| Achomhairc in aghaidh an Tobhaigh Láithreán Folamh | Vacant Site Levy Appeals | 41 | 12 | 3 | 26 |
| **Iomlán** | **Total** | **41** | **12** | **3** | **26** |

## Criosanna Forbartha Straitéisí

Is féidir dréachtscéimeanna pleanála a mholtar do Chriosanna Forbartha Straitéisí a achomharc chuig an mBord Pleanála. Anuas ar sin, is féidir leasuithe áirithe ar scéimeanna pleanála a ceadaíodh roimhe seo a bheith mar ábhar le hiarratais ar cheadú.

In 2017, fuair an Bord Pleanála achomharc amháin i dtaca le Crios Forbartha Straitéisí maidir leis an bPoll Beag Thiar — Dréachtscéim Pleanála. Fuarthas cúig athrú ar scéimeanna Crios Forbartha Straitéisí agus cuireadh ceithre chás de láimh.

## Tarchuir

Is é an príomhchineál cáis a tharchuirtear chuig an mBord Pleanála ceisteanna a bhaineann le cad is forbairt nó forbairt dhíolmhaithe ann laistigh de chiall na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. Catagóir shuntasach cásoibre ab ea tarchuir in 2017, fuarthas 145 cás ar tugadh 68 díobh chun críche.

Ní hionann tarchuir agus cineálacha eile cásanna a chuirtear faoi bhráid an Bhoird Phleanála sa mhéid is go socraíonn na cásanna seo fasaigh a mbíonn tionchar díreach acu ar chásanna dá éis. Is díol suntais iad don phobal, leis, agus d'iarratasóirí ionchasacha agus a gcuid gníomhairí atá ag smaoineamh ar fhorbairt a dhéanamh agus cibé an dteastóidh cead pleanála chuici nó nach dteastóidh.

## Strategic Development Zones

Draft planning schemes proposed for Strategic Development Zones (SDZ) can be appealed to An Bord Pleanála. In addition, certain amendments to previously approved planning schemes can also be the subject of applications for approval.

In 2017, An Bord Pleanála received one appeal in relation to the SDZ for Poolbeg West — Draft Planning Scheme. Five alterations to SDZ schemes were received and 4 cases disposed of.

## Referrals

The main type of referral case to An Bord Pleanála is in relation to questions in any particular case, as to what is or is not development or is or is not exempted development within the meaning of the Planning and Development Acts. In 2017, referrals were a significant category of casework with 145 cases received and 68 concluded.

Referrals differ from other case types that come before An Bord Pleanála in that decisions in these cases set precedents that have a direct bearing on subsequent cases. They are also of importance to the public, prospective applicants and their agents in their considerations of proposed developments that they may wish to undertake and which may or may not require planning permission.

**Figiúr 23**
Cineálacha Pleanála eile cáis

**Figure 23**
Other Planning Case Types

| | | Idir Lámha ag tús na bliana<br>On-hands start of year | Faighte<br>Received | Cinntí foirmiúla<br>Formally decided | Curtha de láimh i slí eile<br>Otherwise disposed | Idir Lámha ag deireadh na bliana<br>On-hands end of year |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Achtanna Pleanála** | **Planning Acts** | | | | | |
| Cead Achomharc | Leave to Appeal | 3 | 54 | 43 | 8 | 3 |
| Tarchuir | Referrals | 56 | 145 | 41 | 27 | 133 |
| Ceadúnais Rannóg 254 | Section 254 Licences | 1 | 3 | 4 | 0 | 0 |
| Díolúine ón Ráiteas Tionchair Timpeallachta d'Iarratasóirí | Environmental Impact Statement Exemption for Applicants | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Scéim Pleanála i gCrios Forbartha Straitéisí | Planning Scheme in Strategic Development Zone | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 |
| Leasú ar Scéim Pleanála i gCrios Forbartha Straitéisí | Amendment to Planning Scheme in Strategic Development Zone | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Athrú ar Scéim Phleanála i gCrios Forbartha Straitéisí | Alteration to Planning Scheme in Strategic Development Zone | 1 | 5 | 3 | 1 | 2 |
| **Iomlán** | **Total** | **61** | **208** | **91** | **36** | **139** |

Cuireadh 82 (69%) de na 127 cás san iomlán (curtha de láimh go foirmiúil nó curtha de láimh ar shlí eile) thuas de láimh laistigh de 18 seachtaine, faoi mar is cuí.

82 (69%) of the total 127 cases (formally decided and otherwise disposed) above were disposed of within 18 weeks, as appropriate.

## Rialú Foirgníochta

Ba iad achomhairc i dtaca le Rialú Foirgníochta an chatagóir ba mhó cásoibre nár chásobair phleanála í a láimhsigh an Bord Pleanála i 2017. Fuarthas 39 achomharc agus tugadh 33 díobh chun críche i gcaitheamh na bliana (Figiúr 24).

## Building Control

Appeals in relation to Building Control were the largest category of non-planning casework handled in 2017 with 39 appeals received and 33 concluded during the year (Figure 24).

## Na hAchtanna um Thruailliú Uisce

Lena chois sin, tá feidhmeanna ag an mBord Pleanála chun achomhairc i dtaca le

## Water Pollution Acts

An Bord Pleanála also deals with appeals in relation to licences under the Local

ceadúnais faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) um Thruailliú Uisce a chinneadh. Cuireadh cás amháin den sórt sin de láimh le linn 2017.

Government (Water Pollution) Acts. One such case was disposed of during 2017.

**Figiúr 24**
Achoimre ar Chásanna Eile Neamhphleanála

**Figure 24**
Summary of Other Non-Planning Cases

| | | Idir Lámha ag tús na bliana<br>On-hands start of year | Faighte<br>Received | Cinntí foirmiúla<br>Formally decided | Curtha de láimh i slí eile<br>Otherwise disposed | Idir Lámha ag deireadh na bliana<br>On-hands end of year |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Achtanna um Rialú Foirgníochta** | **Building Control Acts** | | | | | |
| Deimhniú Maolaithe & Dispeansáide | Relax & Dispensation Certificate | 0 | 2 | 2 | 0 | 0 |
| Deimhniú Sábháilteacht Dóiteáin | Fire Safety Certificate | 4 | 25 | 15 | 4 | 10 |
| Deimhniú Leasaithe Sábháilteacht Dóiteáin | Fire Safety Revised Certificate | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| Deimhniú Thabhairt chun Rialtachta | Regularisation Certificate | 2 | 5 | 5 | 1 | 1 |
| Deimhniú Rochtana Míchumais | Disability Access Certificate | 1 | 7 | 4 | 1 | 3 |
| Deimhniú Leasaithe Rochtana Míchumais | Disability Access Revised Certificate | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| *Fo-Iomlán* | *Subtotal* | *8* | *39* | *27* | *6* | *14* |
| **Achtanna um Thruailliú Uisce** | **Water Pollution Acts** | | | | | |
| Curtha chuig Uisce | Discharge to Water | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Curtha chuig Séarachas | Discharge to Sewers | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 |
| *Fo-Iomlán* | *Subtotal* | *0* | *1* | *0* | *1* | *0* |
| **Iomlán** | **Total** | **8** | **40** | **27** | **7** | **14** |

Cuireadh 19 (56%) de na 34 cás san iomlán (curtha de láimh go foirmiuil nó curtha de láimh ar shlí eile) thuas de láimh laistigh de 18 seachtaine / 4 mhí, faoi mar is cuí.

19 (56%) of the total 34 cases (formally decided and otherwise disposed) above were disposed of within 18 weeks / 4 months, as appropriate.

## Tionscadail Leasa Choitinn

**Is é an Bord Pleanála an t-údarás inniúil maidir le Tionscadail Leasa Choitinn faoi Rialachán 374/2013 na hEorpa ar Threoirlínte maidir le Bonneagar Fuinnimh tras-Eorpach. Baineann seo le nósanna imeachta nua a thug an tAontas Eorpach isteach mar chabhair chun an próiseas toilithe do thionscadail fuinnimh tras-Eorpacha a athchóiriú chun feabhais, tionscadail atá i liosta tionscadal Aontais a ghlac an Coimisiún Eorpach.**

Ní dheachaigh aon tionscadal nua isteach sa phróiseas Deonaithe Ceada in 2017.

I Márta 2017, d'fhoilsigh An Bord Pleanála, ina cháil mar údarás inniúil, Lámhleabhar Nósanna Imeachta nuashonraithe agus fairsingithe ar mhaithe le tuilleadh eolais agus soiléire a chur ar fáil ar nósanna imeachta Deonaithe Ceada do thionscnóirí tionscadail, don phobal agus d'údaráis ábhartha eile. Rinneadh mion-nuashonrú eile ar an lámhleabhar i nDeireadh Fómhair.

D'eagraigh An Bord Pleanála seisiún eolais ar Thionscadail Leasa Choitinn ar son údaráis toilithe i Márta 2017.

## Projects of Common Interest

**An Bord Pleanála is the Competent Authority for Projects of Common Interest (PCI) under European Regulation 374/2013 on Guidelines for trans-European Energy Infrastructure. This relates to European Union procedures to streamline the consenting process for trans-European energy projects that are contained in a Union list of projects adopted by the European Commission.**

There were no projects entered into the Permit Granting process in 2017.

In March 2017, An Bord Pleanála, in its role as Competent Authority published an updated and expanded Manual of Procedures with the aim of providing more information and clarity on the Permit Granting procedures for project promoters, the public and other relevant authorities. A further minor update of the manual was completed in October.

An information session on PCI for consenting authorities was held by An Bord Pleanála in March 2017.

# Oibríochtaí Pleanála
# Planning Operations


| | | |
|---|---|---|
| 7 | Éisteachtaí ó Bhéal | Oral Hearings |
| 8 | Tuarascálacha agus Moltaí | Reports and Recommendations |

# 7 Éisteachtaí ó Bhéal

**Is gnách déileáil le héisteachtaí ar bhonn aighneachtaí scríofa ó na páirtithe mar aon le cigireacht suímh a dhéanann cigire a cheapann an Bord Pleanála. Is gnách éisteachtaí ó bhéal a thionól i gcásanna casta agus / nó mórscála. Is faoi lánrogha an Bhoird Pleanála atá sé éisteacht ó bhéal a thionól i gcás ar bith, agus clár oibre a shocrú, cibé an iarrtar éisteacht ó bhéal nó nach n-iarrtar.**

Tionóladh 31 éisteacht ó bhéal i 2017. Díobh seo, bhain 20 le hiarratais Forbairt Bonneagair Straitéisigh agus cineálacha tionscadail údaráis áitiúla eile.

Sa tréimhse ón 31 Eanáir 2007 go dtí deireadh 2017, tionóladh éisteachtaí o bhéal i gcás 60 den 92 iarratas ar fhorbairt straitéiseach bonneagair a rinneadh (65% d'iarratais).

Tionóladh 11 éisteacht ó bhéal san iomlán i 2017 a bhain le gnáthchásanna achomhairc pleanála. In 2017, fuarthas iarratais ar éisteachtaí ó bhéal i 60 cás maidir le gnáthchásanna pleanála. In 2017, dhiúltaigh an Bord 43 iarratas agus tugadh cead i gcás 11 iarratas and ordaíodh go gcoimeádfaí ceann amháin le haghaidh cáis in 2017.

# Oral Hearings

**Appeals and referrals are generally dealt with on the basis of written submissions from the parties together with a site inspection by an Inspector appointed by An Bord Pleanála. Oral hearings are typically held in relation to cases which are complex and / or large in scale. An Bord Pleanála has absolute discretion to hold an oral hearing of any case and to set an agenda for the oral hearing, whether or not a hearing is requested.**

In 2017, there were 31 oral hearings held. Of these, 20 related to Strategic Infrastructure Development applications and other types of Local Authority Projects.

In the period from 31st January 2007 until the end of 2017, oral hearings were held in 60 of the 92 strategic infrastructure development applications lodged (65% of applications).

There were a total of 11 oral hearings held in 2017 which related to normal planning appeal cases. Requests for oral hearings were made in 60 cases relating to normal planning appeals in 2017. The Board refused 43, granted 11 and directed that one be held for a case in 2017.

**Figiúr 25**
Suíomh na nÉisteachtaí ó Bhéal 2017

**Figure 25**
Location of Oral Hearings 2017

Gnáthachomharc Pleanála
Normal Planning Appeal

Forbairt Bonneagair Straitéisigh
Strategic Infrastructure Development

Tionscadal Údaráis Áitiúil
Local Authority Project

Ordú Ceannaigh Éigeantaigh
Compulsory Purchase Order

Comh-éisteacht ó bhéal
Combined oral hearing



Tá sonraí san áireamh ó Suirbhéireacht Ordanáis Éireann a rinneadh macasamhail díobh faoi Uimh. Cheadúnais OSi_NMA_007. Sáraíonn cóipeanna a dhéantar gan cead cóipcheart Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann Rialtas na hÉireann.
© Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2018

Includes Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSi Licence No. OSi_NMA_007. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland Government of Ireland copyright.
© Ordnance Survey Ireland, 2018

# 8 Tuarascálacha agus Moltaí

# Reports and Recommendations

Is é an Bord Pleanála a chinneann achomhairc agus iarratais bhailí de bhun tuairiscí, lena n-áirítear moltaí, a ullmhaíonn cigirí. Ba é 202 (12.6%) líon na moltaí cigirí nár ghlac an Bord leo i 2017 i gcomparáid le 244 (14.8%) i 2016.

Ullmhaíodh 1,819 tuarascáil cigire don Bhord, a bhformhór ó chigirí inmheánacha. Ceaptar cigirí seachtracha tuairiscithe i líon beag sainréimsí oibre ar nós cásanna Sábháilteacht Dóiteáin agus Rochtain Míchumais, nó mar speisialtóirí – mar shampla éiceolaithe, hidreolaithe – chun cuidiú leis an gcigire tuairiscithe inmheánach maidir le gnéithe ar leith de chásanna pleanála.

Decisions on all valid appeals and applications are made by the Board of An Bord Pleanála on foot of reports, including recommendations, prepared by inspectors. In 2017, the number of recommendations not generally accepted by the Board was 202 (12.6%) compared to 244 (14.8%) in 2016.

The total number of inspector’s reports prepared for the Board was 1,819, the bulk by in-house inspectors. External reporting inspectors are appointed in a small number of specialist work areas such as Fire Safety and Disability Access cases, or as specialists - for example: ecologists, hydrologists – to assist in-house reporting inspectors with aspects of a particular planning case.

**Figiúr 26**
Miondealú ar thuairiscí na gCigirí

**Figure 26**
Breakdown of Inspector’s Reports

| | | **2017** | **2016** |
|---|---|---|---|
| Cigirí inmheánacha | In-house Inspectors | 1,795 | 1,613 |
| Cigirí comhairligh seachtracha | External Consultant Inspectors | 24 | 36 |
| **Iomlán** | **Total** | **1,819** | **1,649** |

# Gnóthaí Corparáideacha
# Corporate Matters


| | | |
|---|---|---|
| 9 | Pleanáil Straitéiseach | Strategic Planning |
| 10 | Foramharc ar Airgeadas | Finance Overview |
| 11 | An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 | Prompt Payment of Accounts Act 1997 |
| 12 | Soláthar | Procurement |
| 13 | Acmhainní Daonna | Human Resources |
| 14 | Imeachtaí Dlí | Legal Proceedings |
| 15 | Comhchomhairliúchán le Comhlachtaí Eile | Consultations with Other Bodies |
| 16 | Iarratais ar Fhaisnéis | Access to Information |
| 17 | Seirbhís do Chustaiméirí agus An Ghaeilge | Customer Service and Irish Language |
| 18 | Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) | Information Communication Technology (ICT) |
| 19 | Éifeachtúlacht Fuinnimh | Energy Efficiency |

# 9 Pleanáil Straitéiseach

# Strategic Planning



Cheap Chuir an Bord Pleanála moill leis an Ráiteas Straitéise nua le go bhféadfaí na moltaí a rinneadh san Athbhreithniú Eagraíochtúil ar an mBord Pleanála, a rinneadh in 2016, a chorprú sna straitéisí don am amach anseo. Cuireadh tús le Plean Straitéiseach nua cúig bliana ag deireadh 2016 agus ag tús 2017. Cuireadh an Plean deiridh faoi bhráid an Aire an 5 Meitheamh 2018.

Cuireadh an Plean Straitéiseach i dtoll a chéile i gcomhairle le Bord agus foireann an Bhoird Pleanála. Tionóladh roinnt ceardlann, mar chuid den obair sin, inar athbhreithníodh a raibh bainte amach go dtí sin againn, inar pléadh na dúshláin a bheidh le sárú ag an eagraíocht sna blianta amach romhainn agus inar measúnaíodh na réimsí inar gá feabhsú a dhéanamh.

Eagraíodh comhairliúchán foirne agus poiblí, leis, in 2017, inar tugadh cuireadh don phobal aiseolas a thabhairt ar na Spriocanna agus Tosaíochtaí a bhí molta mar threoir don Bhord Pleanála sa tréimhse 2018-2023.

An Bord Pleanála had delayed preparation of a new Statement of Strategy to allow the recommendations of an Organisational Review of An Bord Pleanála carried out in 2016 to be incorporated into strategies for the future. Work commenced on the preparation of a new five-year Strategic Plan at the end of 2016 and into 2017. The final Plan was submitted to the Minister on 5th June 2018.

The Strategic Plan was developed in consultation with the Board and staff of An Bord Pleanála. As part of this work, in a series of workshops, we reviewed our achievements to date, anticipated challenges facing the organisation in the years ahead and assessed areas in need of improvement.

Staff and public consultations were also undertaken in 2017 inviting the public to provide feedback on draft Goals and Priorities proposed to guide the direction of An Bord Pleanála for the period 2018-2023.

Tá an Plean Straitéiseach 2018-2023 bunaithe ar cheithre sprioc a chuireann creat ar fáil d'obair an Bhoird Pleanála sna chéad chúig bliana eile agus a neartóidh an dea-cháil atá orainn as neamhchlaontacht, as a leanann na caighdeáin is airde cinnteoireachta agus seirbhíse don phobal. Leagtar amach ann, leis, an tslí a gcabhróimid chun lucht saothair ardfheidhmíochta a chur ar fáil agus a fhorbairt chun obair thábhachtach an Bhoird Pleanála a chur i gcrích.

The Strategic Plan 2018-2023 is built around four goals which provide a framework for our work in the next five years reinforcing our trusted reputation for impartiality, driving the highest standards in timely decision making and service to the public. It also sets out how we will support and develop an agile and high performing workforce in carrying out the important work of An Bord Pleanála.

**Figiúr 27**
Plean Straitéiseach 2018-2023

**Figure 27**
Strategic Plan 2018-2023

**Ár Misean**

Ár gcion a dhéanamh mar chomhlacht náisiúnta neamhspleách ar shlí neamhchlaonta éifeachtúil oscailt, le cinntiú go léirítear i dtionscadail forbartha fisiciúla agus mór-bhonneagair in Éirinn meas ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint na timpeallachta.

**Our Mission**

To play our part as an independent national body in an impartial, efficient and open manner, to ensure that physical development and major infrastructure projects in Ireland respect the principles of sustainable development, including the protection of the environment.

**Cuspóir 1**
An dea-cháil atá orainn as neamhspleáchas, neamhchlaontacht, iontaoibh, iomláine agus trédhearcacha a chosaint agus a bhreisiú.

**Cuspóir 2**
Cinntí urrúnta, tráthúla, trédhearcacha, ardcháilíochta a dhéanamh trína gcuirtear tacaíocht ar fáil don phleanáil chuí agus don fhorbairt inbhuanaithe.

**Cuspóir 3**
Feabhsú a dhéanamh ar an tseirbhís uainn chun ionchais custaiméirí a athrú.

**Cuspóir 4**
Eagraíocht inspreagtha, athléimneach agus freagrúil a chothú.

**Goal 1**
Protecting and enhancing our reputation for independence, impartiality, trust, integrity and transparency.

**Goal 2**
Making robust, timely, transparent, high quality decisions which support proper planning and sustainable development.

**Goal 3**
Improving our service to meet changing customer expectations.

**Goal 4**
Fostering a motivated, resilient and responsive organisation.

# 10 Foramharc ar Airgeadas

# Finance Overview

## Ioncam agus Caiteachas

Ba é caiteachas iomlán an Bhoird Pleanála In 2017 €22.12 milliún agus ba ionann agus €23.187 milliún an t-ioncam, rud a d'fhág €1.069 milliún de bharrachas don bhliain. Bhí (€2,041 milliún) d'easnamh ann ag tús na bliana, rud a d'fhág (€1.47 milliún) d'easnamh carnach, a bhain go príomha le méadú ar chaiteachas ar chásanna dlí.

Le tuarastail agus le haoisliúntas a bhaineann príomh-mhíreanna caiteachais an Bhoird Pleanála (Figiúr 28). Bhí an caiteachas iomlán ar chostais tuarastail, bunaithe agus oibriúcháin €108,174 níos airde ná in 2016.

Áirítear ar ioncam iomlán an deontas Oireachais agus ioncam ó tháillí. Mhéadaigh an deontas Oireachtais ó €14.405 milliún i 2016 go €17.1 milliún i 2017.

## Income and expenditure

In 2017, An Bord Pleanála‘s total expenditure amounted to €22.12 million while income amounted to €23.187 million leaving a surplus for the year of €1.069 million. There was an incoming deficit of (€2.041 million) resulting in a total cumulative deficit of (€1.47 million) mainly relating to the increase in expenditure on legal cases.

An Bord Pleanála‘s main expenditure item relates to salaries and superannuation (Figure 28). Total expenditure includes remuneration, establishment and operating expenses and was up €108,174 on 2016.

Total income is made up of the Oireachtas grant and fee income. The Oireachtas grant increased from €14.405 million in 2016 to €17.1 million in 2017.

## Táillí

**Tá táillí iníoctha leis an mBord Pleanála ag páirtithe i dtaca le hiarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh, achomhairc, tarchuir, éisteachtaí ó bhéal agus gnóthaí áirithe eile a chuirtear ar aghaidh lena gcinneadh faoi na hAchtanna Pleanála, Truaillithe Uisce, Truaillithe Aeir agus Rialú Foirgníochta.**

**Tá táillí iníoctha ag daoine / comhlachtaí áirithe eile nach páirtithe iad, a dtugtar "breathnóirí" orthu de ghnáth, i dtaca le haighneachtaí nó tuairimí.**

## Fees

**Fees are payable to An Bord Pleanála by parties in respect of Strategic Infrastructure Development applications, appeals, referrals, oral hearing requests and certain other matters which are submitted for determination under the Planning, Water Pollution and Building Control Acts.**

**Fees are also payable by certain persons / bodies other than parties, generally known as “observers”, in respect of submissions or observations.**



B'ionann agus €1.322 milliún an t-ioncam comhlán i 2017 ó tháillí achomhairc ar aisíocadh (€89,173) de i gcás achomharc a bhí déanach nó neamhbhailí ar chúis éigin eile. Ba ionann agus €52,758 na fáltais chomhlána in 2017 ó chásanna toiliú ionaid agus níor aisíocadh aon chuid de.

B'ionann agus €1.31 milliún i 2017 na fáltais chomhlána ó iarratais bonneagair straitéisigh, ar aisíocadh (€293,719) de i gcás inar lú an costas próiseála ná méid na táille. Cuireadh (€84,000) san áireamh sna Ráitis Airgeadais chun aisíocaíochtaí todhchaí ar iarratais neamhchinnte amhail ag deireadh 2017 a léiriú.

Fuarthas táillí comhlána de €731,188 in 2017 maidir le Tithíocht Straitéiseach, arbh éigean (€342,942) de a aisíoc le húdaráis áitiúla ábhartha.

In 2017, b'ionann agus 13.7% den chaiteachas iomlán (13.6% i 2016) na glanfháltais ó tháillí.

Gross receipts from appeal fees in 2017 amounted to €1.322 million of which (€89,173) was refunded where appeals were found to be late or otherwise invalid. Gross receipts from substitute consent cases in 2017 amounted to €52,758 of which there were no refunds.

For Strategic Infrastructure Development applications, gross receipts in 2017 amounted to €1.31 million of which (€293,719) was refunded where the cost of processing the application was less than the fee. A provision of (€84,000) is included in the Financial Statements to reflect future refunds on undecided applications as at the end of 2017.

Gross fees received in respect of Strategic Housing in 2017 amounted to €731,188 of which (€342,942) was for refund to the relevant local authorities.

In 2017, net receipts from fees represented about 13.7% of total expenditure (13.6% in 2016).

**Figiúr 28**
Caiteachas Iomlán

**Figure 28**
Total Expenditure




**Figiúr 29**
Deontas an Oireachtais / Ioncam ó tháillí (gach cineál cáis)

**Figure 29**
Total Oireachtas Grant / Total Fee Income (all cases types)



# 11 An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tagann an Bord Pleanála faoi chuimsiú an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Tuairiscítear thíos ar na cleachtais íocaíochta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 de réir alt 12 den Acht.

1. Is é beartas an Bhoird Phleanála forálacha ábhartha an Achta a chomhlíonadh agus, go háirithe, a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta ar leith i bhfeidhm a chumasaíonn dó gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéantar gach íocaíocht roimh an dáta dlite. Cláraítear sonraisc go laethúil agus déantar íocaíochtaí de réir mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú. I 2017, níor shocraigh ná níor aontaigh an Bord Pleanála aon tréimhsí íocaíochta lasmuigh de théarmaí an Achta.

2. Corpraítear i gcóras na rialuithe inmheánacha na rialuithe agus na nósanna imeachta a mheastar a bheith riachtanach chun an tAcht a chomhlíonadh. Áirítear ar an gcóras seo rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaire atá ceaptha le cinntiú go n-aithnítear sonraisc agus conarthaí le híoc laistigh de na tréimhsí íocaíochta a shonraítear san Acht. Cuirtear tuairiscí ar fáil ina n-aithnítear sonraisc nár íocadh fós agus déanann an ardbhainistíocht na tuairiscí seo a athbhreithniú go rialta.

3. Tá na nósanna imeachta a dtagraítear dóibh ag 1 agus 2 thuas ceaptha le dearbhú réasúnta a sholáthar seachas dearbhú amach is amach a thabhairt go gcomhlíonfar forálacha ábhartha an

# Prompt Payment of Accounts Act 1997

An Bord Pleanála comes within the scope of the Prompt Payment of Accounts Act 1997, as amended by the European Communities (Late Payment in Commercial Transactions) Regulations 2002. The payment practices are reported on below for the year ended 31st December 2017 in accordance with section 12 of the Act.

1. It is An Bord Pleanála's policy to comply with the relevant provisions of the Act and, in particular, to ensure that all invoices are paid promptly. Specific procedures are in place that enable it to track all invoices and ensure that payments are made before the due date. Invoices are registered daily and payments are made as required to ensure timely payments. In 2017, An Bord Pleanála did not set or agree payment periods outside the terms of the Act.

2. The system of internal control incorporates such controls and procedures as are considered necessary to ensure compliance with the Act. This system includes accounting and computer controls designed to ensure the identification of invoices and contracts for payment within the payment periods required by the Act. Reports are produced that identify unpaid outstanding invoices and these reports are reviewed regularly at a senior level.

3. The procedures referred to at 1 and 2 above are designed to provide reasonable but not absolute assurance against material non-compliance with the Act. An Bord Pleanála is satisfied



Achta. Tá an Bord Pleanála sásta gur oibrigh a nósanna imeachta go leordhóthanach ar an iomlán agus nach gá aon bheart ceartaitheach.

4. Ba é 0 lá an meántréimhse moille i dtaca le híocaíochtaí a dhéanamh tar éis an tréimhse reachtúil de 30 lá.

Ní dhearnadh aon íocaíocht dhéanach in 2017. Ba é €7.2 milliún luach na n-íocaíochtaí uile.

Ó 1 Eanáir 2018 níor tharla aon fhorbairt ábhartha ó thaobh chomhlíonadh an Achta fad a bhaineann sé leis an mBord Pleanála.

that its procedures have operated adequately in the main and that no remedial action is required.

4. The average delay in making payments, after the statutory period of 30 days, was 0 days.

There were no late payments in 2017. The total value of all payments was €7.2 million.

Since 1st January 2018, there have been no material developments insofar as An Bord Pleanála's compliance with the Act is concerned.

# 12 Soláthar

# Procurement

Is é ár mbeartas an luach is fearr is féidir a fháil ar airgead agus earraí agus seirbhísí á gceannach ar son na heagraíochta.

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar an mBord Pleanála úsáid a bhaint as conarthaí lárnacha atá curtha i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) agus raon earraí agus seirbhísí coitianta á gceannach. In 2017, bhí na hearraí seo a leanas ceannaithe faoi chreatchomhaontuithe den Oifig um Sholáthar Rialtais:

- Meaisín frainceála a ceannaíodh faoi Chreat Ilsoláthraí OSR chun Trealamh Seomra Poist a Sholáthar (meaisíní frainceála san áireamh) agus Seirbhísí Gaolmhara.
- Leabhair Nótaí agus Ríomhairí Glúine a ceannaíodh faoi Chreatchomhaontú an OSR maidir le Ríomhairí Táibléid agus Ríomhairí Hibride de chuid Windows agus Seirbhísí Gaolmhara a sholáthar.

I gcás nach bhfuil aon chonradh lárnach ar fáil, gníomhaíonn an Bord Pleanála de réir Threoirlínte Soláthair an AE. In 2017, chuir an Bord Pleanála tús leis na soláthair seo a leanas i bhFigiúr 29.

Our policy is to provide best value for money when purchasing goods and services for the organisation.

As a public body, An Bord Pleanála is mandatorily required to utilise central contracts put in place by the Office of Government Procurement (OGP) when procuring a range of commonly acquired goods and services. In 2017, goods acquired using OGP framework agreements included:

- Franking machine acquired under the OGP Multi Supplier Framework for the Supply of Mailroom Equipment (including franking machines) and Associated Services.
- Notebooks and Desktop Computers acquired under the OGP Framework Agreement for the provision of Windows Tablet and Hybrid Computers and Associated Services.

Where no central contract is available, An Bord Pleanála operates in accordance with EU Procurement Guidelines. In 2017, An Bord Pleanála initiated the procurements in Figure 29.

**Figiúr 29**
Soláthar 2017

**Figure 29**
Procurement 2017

| | |
|---|---|
| **Soláthar a tugadh chun críche i 2017 €25,000 go Tairseach an AE** | **List of Procurements completed in 2017 €25,000 to EU Threshold** |
| Ríomhairí Táibléid agus Hibride de chuid Windows | Window Tablet and Hybrid Computers |
| **Soláthar a tugadh chun críche i 2017 Tairseach AE / OJEU** | **List of Procurements completed in 2017 EU Threshold / OJEU** |
| Seirbhísí Seachtracha Óstála agus Seirbhísí Gaolmhara | External Hosting and Associated Services |

# 13 Acmhainní Daonna

**Is mór ag an mBord Pleanála saineolas gairmiúil na mball agus na foirme agus a dhúthrachtaí agus a thiomanta atá siad i leith seirbhís éifeachtach ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí uile. Is den tábhacht é a ionraice atá siad, an t-éiteas seirbhíse poiblí dá gcloíonn siad agus na caighdeáin arda a chuirtear ar fáil i gcónaí i ngach ceann dár seirbhísí.**

## Foireann agus Earcaíocht

Bliain ghnóthach eile don Bhord Pleanála ab ea 2017, ó thaobh earcú agus ionduchtú foirne nua agus foirne a fuair ardú céime. Reáchtáladh roinnt comórtas inmheánach agus seachtrach chun folúntais a líonadh ag leibhéil an Stiúrthóra Chúnta Pleanála, an Oifigigh Shinsearaigh Feidhmiúcháin agus chun foireann a chur ar fáil don Aonad Tithíochta Straitéisí nua. Earcaíodh 25 ball nua foirne agus 5 comhaltaí nua Boird in An Bord Pleanála in 2017.

Ba é 147.1 an líon foirne ab airde a bhí againn in 2017. Ba é 138 meánlíon na foirne ó thús deireadh 2017 (131.4 in 2016). Gheofar liosta iomlán den fhoireann a bhí fostaithe ag Nollaig 2017 in Aguisín 5.

Tuileadh rátáil de dhearbhú réasúnta, an rátáil ab airde a bhí ar fáil, in iniúchadh inmheánach ar na próisis earcaíochta in 2017. Rinneadh roinnt moltaí a chuirfear i bhfeidhm in 2018, lena n-áirítear Beartas nua Earcaíochta a ullmhú.

Cuireadh poist shealadacha ar fáil in An Bord Pleanála, leis, chun taithí oibre agus socrúcháin a chur ar fáil do scoláirí idirbhliana sna scoileanna áitiúla agus intéirneachtaí a

# Human Resources

**An Bord Pleanála puts great value and reliance upon the professional expertise, diligence and dedication of all its members and staff in the pursuance of a high quality and efficient service for all our customers. Their integrity and public service ethos are vital in the maintenance of high standards throughout our services.**

## Staffing and Recruitment

2017 was another busy year for An Bord Pleanála in relation to recruitment and induction of new and promoted staff. There were a number of internal and external competitions to fill vacancies at Assistant Director of Planning, Senior Executive Officer and Executive Officer levels to staff the new Strategic Housing Unit. In total, 25 staff and 5 new Board members joined An Bord Pleanála in 2017.

The highest number of staff employed during 2017 was 147.1. The average number of staff employed over 2017 was 138 (131.4 in 2016). A full list of staff employed in December 2017 can be found in Appendix 5.

An internal audit of recruitment processes was carried out in 2017 assigning a rating of reasonable assurance, the highest rating available. A number of recommendations made will be implemented in 2018 to include preparation of a new Recruitment Policy.

Temporary positions are also made available in An Bord Pleanála to provide work experience and transition year placements to students from local schools and internships

chur ar fáil do mhic léinn pleanála ó na trí scoil phleanála, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT), UCD agus UCC.

for planning students from the three planning schools, Dublin Institute of Technology (DIT), UCD and UCC.

## Foghlaim agus Forbairt

Geallann an Bord Pleanála cumas agus acmhainn a fhorbairt trí oiliúint chuí agus bainteach le hábhar a chur ar fáil don fhoireann ag gach grád agus i ngach rannán. Cuirtear tacú ar fáil do bhaill foirne atá ag gabháil d'oideachas foirmiúil in ábhar a bhaineann lena gcuid oibre tríd an Scéim Aisíoc Táillí. In 2017, thug baill foirne faoi chúrsaí staidéir i réimsí lena n-áirítear dlí comhshaoil agus pleanála, innealtóireacht, pleanáil spásach, rialachas corparáideach, párolla, cosaint sonraí agus an Ghaeilge.

Díríodh, leis, ar chúrsaí TFC - ar líne, inmheánach agus seachtracha - thug an Bord Pleanála córas bhainistíocht cásanna nua isteach ag deireadh 2017. Ceapadh plean oiliúna agus cuireadh i bhfeidhm é. D'fhreastail gach ball foirne ar sheisiún tosaigh Plean-IT agus ar sheisiúin níos mionsonraithe leis na forbróirí bogearraí, opensky.

Ba é 702.75 líon iomlán na laethanta oiliúna in 2017, rud arbh ionann agus 4.48 lá in aghaidh gach ball foirne / comhalta den Bhord.

### Coras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF)

Bhí an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta in úsáid i gcónaí mar phríomhuirlis chun feidhmíocht na heagraíochta a fheabhsú agus sainriachtanais oiliúna a aithint.

## Folláine san Ionad Oibre

In 2017, lean an Bord Pleanála dá fhócas ar shláinte agus folláine na foirne ag an obair agus ag an mbaile. I Márta, ba é an téama roghanna sláintiúla maireachtála, idir fhisiciúil agus mheabhrach, a roghnú. Áiríodh orthu sin

## Learning and Development

An Bord Pleanála is committed to building capability / capacity through the provision of relevant and appropriate training to staff across all grades and divisions. Support is provided to staff undertaking formal education in subjects relevant to their work through the Refund of Fees Scheme. In 2017, staff members undertook studies in areas such as environmental and planning law, engineering, spatial planning, corporate governance, payroll, data protection and the Irish language.

There was also a focus on ICT courses - online, in-house and external - as An Bord Pleanála introduced a new case management system at the end of 2017. A training plan was developed and implemented with all members of staff attending Plean-IT introductory and more detailed user sessions with software developers, opensky.

The total number of training days in 2017 was 702.75 which equated to 4.48 days per staff / Board member.

### Performance Management through Development and Support system (PMDS)

The Performance Management through Development and Support system (PMDS) continued to be used as a key tool in support of improved organisational performance, and identification of specific training requirements.

## Workplace Wellbeing

In 2017, An Bord Pleanála continued its focus on Health and Wellbeing for staff at work and at home. In March, the theme was promotion of healthier lifestyle choices both physically and mentally. This included talks on healthy

cainteanna ar nósanna itheacháin sláintiúla agus cúrsaí meabhairshláinte.

eating and mental health.

Is ball é an Bord Pleanála de chomhpháirtíocht cliste maidir le taisteal chun na hoibre trína gcuirtear an siúl agus an rothaíocht  agus córacha iompair phoiblí chun cinn mar shlite iompair chun na hoibre.

An Bord Pleanála is also a member of the smarter travel workplace partnership which promotes walking, cycling and using public transport as modes of commuting to work.

Cuireann an Bord Pleanála raon scéimeanna ar fáil ar mhaithe le cothromaíocht idir saol na hoibre agus saol an bhaile, scéimeanna amhail fleisc-am, oibriú neamhthipiciúil, comhroinnt poist, saoire tuismitheora, sosanna gairme, saoire staidéir agus saoire bhliain oibre giorraithe.

An Bord Pleanála also provides and facilitates a range of work life balance schemes such as flexi-time, atypical working, work-sharing, parental leave, career breaks, study leave and shorter working year leave.

## An Coiste Comhpháirtíochta

Bhí ról tábhachtach i gcónaí ag an gCoiste Comhpháirtíochta ó thaobh cinntiú go mbíonn ionchur ag an bhfoireann i ngach tionscadal agus tionscnamh atá idir lámha. Ionadaithe den Bhord, den lucht bainistíochta agus de gach grád den fhoireann atá ar an gCoiste.

Bhí deich gcruinniú ann in 2017 agus ar na topaicí a pléadh bhí pleanáil straitéiseach, cur i bhfeidhm na gcóras TFC agus feidhmíocht na heagraíochta tríd is tríd. Rinne an Coiste ionadaíocht don fhoireann, leis, ag ceardlanna ag ar tugadh aiseolas ar an bPlean Straitéiseach a bhí á chur i dtoll a chéile agus ar chomhairliú inmheánach maidir leis an bPlean a chomhordú.

## Partnership Committee

The internal Partnership Committee continues to play an important role in ensuring staff input into projects and initiatives that are taking place. The Committee is made up of representatives of the Board, management and staff at all grades.

During 2017, 10 meetings were held and covered topics including Strategic Planning, implementation of ICT systems and overall organisational performance. Members of the Partnership Committee also represented staff at workshops to provide feedback on the development of the Strategic Plan as well as co-ordinating an internal consultation on the Plan.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Geallann an Bord Pleanála sláinte, sábháilteacht agus folláine na bhfostaithe uile a chur chun cinn. Cloíonn sé le dea-chleachtas maidir le hoiliúint chuí rialta a chur ar fáil, leithéidí an measúnú riosca agus na cláir ghinearálta um fheasacht sábháilteachta atá leagtha amach sa Ráiteas Sábháilteachta 2014. Díríodh in 2017 ar cheisteanna sábháilteacht maidir le tiomáint mar chuid de dhualgais na hoibre.

## Health and Safety

An Bord Pleanála is fully committed to the health, safety and wellbeing of all of its employees. It follows best practice in relation to the provision of appropriate and regular training such as risk assessment and general safety awareness programmes as set out in the Safety Statement 2014. 2017 saw a focus on safety issues relating to driving for work.

# 14 Imeachtaí Dlí

# Legal Proceedings



In 2017, tionscnaíodh imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh maidir le cinntí agus nósanna imeachta den Bhord i 47 gcás.

Rinneadh 21 bhreithiúnas substaintiúil Ard-Chúirte i gcásanna a tionscnaíodh in aghaidh an Bhoird i 2017. Seasadh le naoi gcinn déag de chinntí an Bhoird agus níor seasadh le dhá cheann.

Scoireadh le himeachtaí in aghaidh an Bhoird Pleanála in naoi gcás déag, sin nó caitheadh amach iad nó aistarraingíodh iad. In imeacht na bliana, thoiligh an Bord deich gcinn orduithe a chur ar neamhní inar aithníodh locht nós imeachta.

In 2017, judicial review proceedings in relation to Board decisions and procedures were instituted in 47 cases.

There were 21 substantive High Court judgements in cases taken against An Bord Pleanála in 2017, 19 judgements upheld decisions of the Board and two found against.

Proceedings against An Bord Pleanála were discontinued, dismissed or withdrawn in 19 cases. During the year, the Board consented to the quashing of 10 of its orders where a procedural defect was identified.

**Figiúr 30**
Cásanna Dlí agus Cásanna Pleanála a Cuireadh de Láimh (Comparáid) 2008 - 2017

**Figure 30**
Legal Cases and Planning Cases Disposed of (Comparison) 2008 - 2017




**Figiúr 31**
Imeachtaí Dlí san Ard-Chúirt 2017

**Figure 31**
Legal Proceedings in the High Court 2017



# 15 Comhairliúchán le Comhlachtaí Eile

Tá sé d'oibleagáid ar an mBord Pleanála é féin a choimeád ar an eolas faoi bheartais comhlachtaí áirithe a bhfuil tionchar ag a bhfeidhmeanna ar phleanáil chuí agus ar fhorbairt inbhuanaithe. Áirítear orthu siúd airí rialtais agus údaráis phleanála.

Lean an Bord Pleanála i 2017 den chleachtas a bhí i réim roimhe sin de theagmháil leanúnach a chothú le húdaráis phoiblí agus le heagraíochtaí ionadacha eile a bhfuil tionchar ag a gcuid feidhmeanna ar an bpróiseas pleanála. Eagraíodh cruinnithe le hInstitiúid Pleanála na hÉireann agus an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil.

# Consultations with Other Bodies

An Bord Pleanála is obliged to keep itself informed of the policies of certain bodies whose functions have a bearing on proper planning and sustainable development. These include Ministers of the Government and planning authorities.

The ongoing practice of maintaining contact with public authorities and other representative organisations whose functions impact on the planning process was continued during 2017. Meetings were held with the Irish Planning Institute and the Environmental Protection Agency.

# 16 Iarratais ar Fhaisnéis

# Requests for Information

Gheofar sna hAchtanna Pleanála, san Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus sna Rialacháin um Rochtain ar Eolas ar an gComhshaol eolas áirithe ar oibríochtaí an Bhoird Pleanála. Ba é 828 líon na n-iarratas ar rochtain phoiblí ar chomhaid cásobair i 2017.

Tugtar i bhFigiúr 32 miondealú ar na hiarratais a rinneadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus faoi na Rialacháin um Rochtain ar Eolas ar an gComhshaol.

The Planning and Development Acts, the Freedom of Information Act 2014 and Access to Information on the Environment Regulations provide for access to certain information on An Bord Pleanála's operations. The number of public access requests for casework files was 828 in 2017.

Figure 32 provides a breakdown of the requests made under the Freedom of Information Act and Access to Information on the Environment Regulations.

**Figiúr 32**
Saoráil Faisnéise agus
Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

**Figure 32**
Freedom of Information and
Access to Information on the Environment

| | | 2017 | 2016[1] |
|---|---|---|---|
| **Saoráil Faisnéise (SF)** | **Freedom of Information (FOI)** | | |
| Ar láimh, tús | On-hands start | 1 | 3 |
| Iarratais faighte | Requests received | 34 | 25 |
| Tugtha / Tugtha i bpáirt | Granted / Partially granted | 24 | 18 |
| Aistarraingthe nó curtha de láimh lasmuigh de na forálacha um Shaoráil Faisnéise | Withdrawn or dealt with outside Freedom Of Information | 0 | 0 |
| Aistrithe chuig comhlacht eile | Transferred to different body | 3 | 0 |
| Diúltaithe | Refused | 7 | 9 |
| Ar láimh, deireadh | On-hands end | 1 | 1 |
| **Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC)** | **Access to Information on Environment (AIE)** | | |
| Ar láimh, tús | On-hands start | 1 | 8 |
| Iarratais faighte | Requests received | 12 | 20 |
| Tugtha / Tugtha i bpáirt | Granted / Partially granted | 8 | 22 |
| Aistarraingíodh nó déileáladh leo lasmuigh de na Rialacháin um Rochtain ar Eolas ar an gComhshaol | Withdrawn or dealt with outside Access to Information on the Environment | 0 | 1 |
| Diúltaithe | Refused | 5 | 4 |
| Ar láimh, deireadh | On-hands end | 0 | 1 |

[1] Figiúirí a athbhreithníodh ó bhí Tuarascáil Bhliantúil 2016 ann

[1] Figures revised since Annual Report 2016



## Faisnéis a Sholáthar do Chomhaltaí den Oireachtas

Mar chuid den Chlár Rialtais, bunaíodh fochoiste Dála chun athchóiriú na Dála a scrúdú agus moladh socruithe a dhéanamh chun go bhféadfadh Comhlachtaí Stáit faisnéis a thabhairt do chomhaltaí den Oireachtas. I bhfómhar 2016, chuir an Bord Pleanála socruithe i bhfeidhm chun faisnéis a sholáthar do bhaill den Oireachtas.

In 2017, fuaireamar sé cheist ó chomhaltaí an Oireachais agus d'eisíomar freagra substainteach ar gach ceann de na sé cheist laistigh d'am freagartha 15 lá oibre. Foilsítear freagraí ar cheisteanna ar bhonn ráithiúil ar ár suíomh gréasáin agus iarratar aiseolas ó chomhaltaí an Oireachtais a bhain leas an tseirbhís go luath in 2018.

## Comhfhreagras Iarchinnidh

Tá córas ag an mBord Pleanála chun déileáil le ceisteanna mar gheall ar chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil agus ar cheisteanna eile a gcuirfeadh an pobal i gcoitinne spéis iontu. Déanann an córas sin líon na ngearán agus na gceisteanna a fuarthas sa bhliain a anailísiú agus a thomhas.

Fuaireamar 211 mír chumarsáide i 2017 maidir le cásanna cinnte agus tugadh ocht

## Provision of Information to Members of the Oireachtas

As part of the Programme for Government, a Dáil Sub-Committee was established to examine Dáil reform and recommended that arrangements be put in place to facilitate the provision of information by State Bodies to members of the Oireachtas. In Autumn 2016, An Bord Pleanála put in place arrangements to provide information to members of the Oireachtas.

In 2017, we received six queries from members of the Oireachtas and issued a substantive reply to each within the 15 working days' response time. Responses to queries are published on a quarterly basis on our website and feedback sought from Oireachtas members availing of the service in early 2018.

## Post-Decision Correspondence

An Bord Pleanála has a system to deal with enquiries about the quality of service and other issues of interest to the general public. This system also analyses and measures the number of complaints and queries that are received in a year.

In 2017, we received 211 communications regarding decided cases and 18 queries were

gceist déag ar aghaidh ó 2016. D'fhreagraíomar 186 ceist i gcaitheamh na bliana ar tugadh freagra mionsonraithe ar 146 ceist (78%) laistigh de 4 seachtaine. Tugadh 7 mír isteach i 2018.

Taispeántar i bhFigiúr 33 na topaicí is coitianta a tharraingítear anuas i gceisteanna agus an líon a fuarthas i gcás gach topaice. Uaireanta bíonn níos mó ná topaic amháin faoi thrácht i gceist, mar shampla ceist a tharraingeodh anuas léirmhíniú agus soiléiriú.

Is é forfheidhmiú an topaic is coitianta; fuarthas 85 ceist ina leith. Forfheidhmiú a thugtar ar chásanna nuair a mheasann duine éigin nach bhfuil cinneadh de chuid an Bhoird á chur i ngníomh i gceart. Is gnó é seo don údaráis pleanála de bhrí nach bhfuil aon ról ag an mBord Pleanála i dtaca le gnóthaí forfheidhmiúcháin.

carried over from 2016. During the year, replies were issued to 186 queries of which 146 (78%) had a detailed response to their query within 4 weeks. There were 7 items carried over to 2018.

Figure 33 shows the most common topics that are raised in queries and the actual number received for each topic. Sometimes a query will contain more than one topic, for example, the query may raise both interpretation and clarification matters.

The most common topic raised is enforcement with 85 queries. Enforcement is where a person considers that the decision of the Board is not being correctly implemented. This is a matter for the planning authorities as An Bord Pleanála has no role in enforcement matters.

**Figiúr 33**
Freagraí ar Chomhfhreagras Iar-Chinnidh

**Figure 33**
Post-Decision Correspondence Replies



# 17 Seirbhís do Chustaiméirí agus An Ghaeilge

# Customer Service and Irish Language



## Seirbhís do Chustaiméirí

Leagtar amach i gCairt do Chustaiméirí agus i bPlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí an Bhoird Pleanála gealltanais agus cuspóirí na heagraíochta i dtaca le hardchaighdeán seirbhíse a chur ar fáil do chustaiméirí agus raon feidhme agus caighdeán na seirbhíse sin a fheabhsú. Gheofar sa Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí eolas ar an tslí le gearán a dhéanamh faoi chaighdeán na seirbhíse do chustaiméirí.

Déanfar an Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí a nuashonrú in 2018 / 2019.

## An Ghaeilge

Cuireann an Bord Pleanála fáilte roimh dhaoine a úsáideann an Ghaeilge ina gcuid gnó leis agus geallann an eagraíocht a oibleagáidí agus a ghealltanais i leith na

## Customer Service

An Bord Pleanála's Customer Charter and Customer Action Plan published on its website sets out the organisation's commitments and objectives in relation to maintaining high standards of customer service and improving the scope and quality of same. The Customer Action Plan also contains information on how to make a complaint about the quality of customer service.

The Customer Action Plan is due to be reviewed in 2018 / 2019.

## Irish Language

An Bord Pleanála welcomes the use of the Irish language and the organisation is fully committed to fulfilling its obligations and commitments in relation to official language



Gaeilge, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, faoina Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí agus faoina Scéim Ghaeilge féin, a chomhlíonadh.

Ghlacamar ár dtríú Scéim Ghaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla i 2015. Féachtar sa scéim nua le tógáil ar na scéimeanna roimhe seo trí sheirbhísí sa dá theanga oifigiúil (Gaeilge agus Béarla) a choimeád agus a fheabhsú.

Áiríodh ar bhearta a rinne an Rannóg Foghlama agus Forbartha agus an Coiste Gaeilge in 2017 chun an Ghaeilge a chur chun cinn:

- roinnt ball foirne a bheith páirteach i gcúrsaí teanga sa Ghaeltacht agus institiúidí acadúla,
- Seachtain na Gaeilge a chur chun cinn le himeachtaí éagsúla, agus
- a chinntiú go raibh gach fógra agus foilseachán ar ár suíomh gréasáin ar fáil sa dá theanga nó gur eisíodh iad ag an am céanna sa dá theanga.

Tá roinnt imeachtaí beartaithe ag an mBord Pleanála chun Bliain na Gaeilge 2018 a chomóradh.

equality under the Official Languages Act 2003, the Planning and Development Acts and its Customer Action Plan and Language Scheme.

Our third Language Scheme under the Official Languages Act was adopted in 2015. This scheme seeks to build on previous schemes by maintaining and enhancing services through both official languages (Irish and English).

Measures in 2017 to promote the Irish language by Learning and Development and the internal Irish Language Committee included:

- participation of several staff in language courses in the Gaeltacht and academic institutions,
- promotion of Seachtain na Gaeilge with the holding of several events, and
- ensuring that all notices and publications on our website were bilingual or issued in both languages where possible.

An Bord Pleanála is planning a series of events in 2018 to mark Bliain na Gaeilge.

# 18 Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC)

### Ár Straitéis TFC (Plean-IT) a chur i bhfeidhm

Thug An Bord Pleanála córas nua bainistithe cásanna agus eolas geografaigh isteach; próiseáladh agus cinneadh gach cás a fuarthas ón 23 Deireadh Fómhair 2017 leis an ardá teicneolaíochta nua seo. Is é an seachadadh seo an chéad chéim de thionscadal Plean-IT trína gcuirfear seirbhís lándigiteach ar fáil don phobal, lena n-áirítear an deis cásanna a chur isteach agus táillí a íoc ar líne mar aon le fáil ar rogha níos mó doiciméad agus eolas bainistíochta a bhfuil i bhfad níos fearr.

Cuireadh an chéad chéim i bhfeidhm tar éis do opensky and esri, agus d'fhoireann an Bhoird Pleanála bogearraí a fhorbairt agus a thástáil ar bhonn leitheadach. Bhí 538 cás cláraithe ar an gcóras nua bainistithe cásanna faoi dheireadh 2017.

Meastar go gcuirfear tús níos déanaí in 2018 leis na céimeanna eile den tionscadal ar a n-áirítear suíomh gréasáin trína mbeifear in ann cásanna pleanála a chur isteach ar líne agus eolas a mhalartú ar chásanna beo agus ar chásanna cinnte. Tá moill ar sheachadadh na gcéimeanna curtha go dtí 2019.

Tá impleachtaí ag an moill ar an gcéim seo do chostas iomlán an tionscadail de bhrí go mbeidh tacaíochtaí breise bainistíochta de dhíth chun an tionscadal a thabhairt chun críche. Gheofar léiriú ar sin sna meastacháin buiséid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Is gá an reachtaíocht a leasú chun seirbhís dhigiteach lánfheidhmiúil a chumasú. Tá leasuithe ar an mBille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2016 á n-ullmhú ag an

# Information Communication Technology (ICT)

### Implementing our ICT Strategy (Plean-IT)

An Bord Pleanála deployed new case management and geographic information systems with all cases received from the 23rd October 2017 being processed and decided using this new technology platform. This delivery is the first phase of the Plean-IT project which will enable a fully digital service to the public including online submission of cases, payment of fees, greater accessibility to documentation and much improved management information.

The implementation of the first phase followed development and extensive testing of the software by vendors, opensky and esri and An Bord Pleanála staff during 2017. By year end, 538 cases were registered on the new case management system.

It is expected that the remaining phases of the project which include the development of a website which facilitates online submission of planning cases and communication of information on live and decided cases will commence later in 2018 with delivery delayed to 2019.

The delay in delivery of this phase has implications in terms of overall cost as additional programme management supports are required to complete the project. This has been reflected in budget estimates submitted to the Department of Housing, Planning and Local Government.

Amendments to legislation are required to enable a fully functional digital service. The Department of Housing, Planning and Local Government is currently preparing

Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus measfar go n-achtófar iad in 2018.

## Bonneagar

Ag deireadh 2017, thug An Bord Pleanála tairiscint chun críche maidir le riachtanais bonneagair chun tacú le Plean-IT agus córais eile. Síníodh conradh le eBecs chun seirbhísí bonneagair, seirbhísí a óstálfar agus a bhainisteofar lasmuigh den Bhord Pleanála, a sholáthar. Tá tús curtha le cur i bhfeidhm agus measfar go gcuirfear an bonneagar nua ar fáil i samhradh 2018.

## Crua-earraí eile

Cuireadh tús in 2017 le clár chun crua-earraí (ríomhairí glúine agus ríomhaire deisce) ar fud na heagraíochta a nuashonrú sula dtabharfaí Plean-IT isteach. Glacadh le tairiscint ó Hewlett Packard chun ríomhairí glúine, monatóirí agus stáisiúin naisc a sholáthar, earraí a cuireadh ar fáil don fhoireann ina dhiaidh sin.

amendments to the Planning and Development (Amendment) Bill 2016 which are expected to be enacted during 2018.

## Infrastructure

At the end of 2017, An Bord Pleanála completed a tender for infrastructure requirements to support the Plean-IT and other systems. A contract was awarded to eBecs to provide externally hosted and managed services for infrastructure. Implementation has commenced and the new infrastructure is due to be deployed in Summer 2018.

## Other Hardware

A programme to update hardware (laptops and PCs) across the organisation prior to implementation of Plean-IT commenced in 2017. A tender was concluded with Hewlett Packard to supply laptops, monitors and docking stations which were rolled out to relevant staff subsequently.

# 19 Éifeachtúlacht Fuinnimh

Mar chuid de chlár Fheasacht Fuinnimh Inbhuanaithe Éireann (FFIÉ) na hearnála poiblí, geallann an Bord Pleanála éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú de 33% faoi 2020.

Ríomhtar na figiúirí bonnlíne chun an sprioc seo a chomhlíonadh ar mheán-ídiú fuinnimh idir na blianta 2006 go 2008.

# Energy Efficiency

As part of the Sustainable Energy Authority of Ireland (SEAI) Public Sector Efficiency programme, An Bord Pleanála is committed to increasing energy efficiency by a factor of 33% by the year 2020.

The baseline figures for reaching this goal are calculated using the average energy consumption between the years 2006 to 2008.

**Figiúr 34**
Sonraí Fuinnimh 2017

**Figure 34**
Energy Data 2017

| | 2017 | Bonnlíne 2006 - 2008<br>**Baseline 2006 - 2008** | % d'athrú<br>**% change** |
|---|---|---|---|
| Úsáid Fuinnimh<br>Energy Usage | 480,071 kWh | 742,877 kWh | (35.4%) |
| Astaíochtaí $CO_2$<br>$CO_2$ Emissions | 231,778 kg | 457,941 kg | (49.4%) |

In 2017 leanamar d'ídiú fuinnimh agus astaíochtaí $CO_2$ a laghdú, de bhreis ar na spriocanna forordaithe. Sa chomhthéacs sin, tá an foirgneamh tar éis catagóir C3 den scéim Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) a shroicheadh.

Gníomhartha a rinneadh chun éifeachtúlacht fuinnimh in 2017 a fheabhsú:

- Seomra soláthar cumhachta nárbh fhéidir cur isteach air a uasghrádú.
- Aonad aerchóirithe in áit oifige ar an mbunurlár a uasghrádú.
- Na séalaí fuinneoige a athsholáthar.

In 2017, we continued to reduce energy usage and $CO_2$ emissions in excess of the required targets. The building lies in the C3 category of the building energy rating (BER) scheme.

Actions undertaken to improve energy efficiency in 2017 include:

- Uninterruptible power supply room upgraded.
- Upgraded A/C unit in office area on the ground floor.
- Window seals replaced.



- 17 triomadóir láimhe leictreonach a shuiteáil sa seomra níocháin.

Áiríodh ar ghníomhartha do 2018:

- Leanúint de laghdú ar ídiú fuinnimh agus méadú ar éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn.

- Leanúint de thionscnaimh maidir le cláir taistil níos cliste a chur chun cinn.

- Installation of 17 electronic hand dryers in the washroom.

Actions planned for 2018 include:

- Continue to promote reducing energy consumption and increasing energy efficiency.

- Continued promotion of smarter travel programme initiatives.

# Cuntais Bhliantúla 2017
# Financial Statements 2017


| | |
|---|---|
| Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | Governance Statement and Board Members' Report |
| Ráiteas ar an Rialú Inmheánach | Statement on Internal Control |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | Statement of Comprehensive Income |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | Statement of Financial Position |
| Ráiteas na Sreafaí Airgid | Statement of Cash Flows |
| Nótaí leis an Ráitis Airgeadais | Notes to the Financial Statements |
| Tuarascáil An Ard-Reachtaire Cúntas agus Ciste | Report of the Comptroller and Auditor General |

# Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

### Rialachas

Bunaíodh An Bord Pleanála sa bhliain 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976. Is ar an mBord Pleanála atá an cúram as achomhairc agus gnóthaí áirithe eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2017 agus as iarratais ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta agus ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh, lena n-áirítear mórthógraí bóthair agus iarnróid, a chinneadh. Tá cúram air, leis, as déileáil le tograí maidir le ceannach éigeantach talún a dhéanann údaráis áitiúla agus údaráis eile faoi na hachtacháin éagsúla. Tá feidhmeanna eile ag an mBord Pleanála chun achomhairc faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus na hAchtanna um Rialú Foirgníochta a chinneadh.

Tá an Bord cuntasach don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus as dea-rialachas corparáideach a chinntiú. Is iad an Cathaoirleach, an Príomhoifigeach agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus treo an Bhoird Pleanála.

Ní mór don Chathaoirleach, don Phríomhoifigeach agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treo ginearálta straitéiseach a shocraíonn an Bord, agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar phríomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí na heagraíochta, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Cathaoirleach mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus foireann bainistíochta an Bhoird Pleanála.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sna forálacha reachtúla sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2017 agus sa reachtaíocht ghaolmhar.

# Governance Statement and Board Members' Report

### Governance

An Bord Pleanála was established under the Local Government (Planning and Development) Act, 1976. An Bord Pleanála is responsible for the determination of appeals and certain other matters under the Planning and Development Acts 2000 to 2017 and determination of direct applications for Strategic Housing Development and for Strategic Infrastructure Development including major road and railway cases. It is also responsible for dealing with proposals for the compulsory acquisition of land by local authorities and others under various enactments. The Board also has functions to determine appeals under Water Pollution and Building Control Acts.

The Board is accountable to the Minister for Housing, Planning and Local Government and for ensuring good corporate governance. The regular day-to-day management, control and direction of An Bord Pleanála are the responsibility of the Chairperson, Chief Officer and the senior management team.

The Chairperson, Chief Officer and senior management team must follow the broad strategic direction set by the Board, and must ensure that all Board members have a clear understanding of the key activities and decisions related to the organisation, and of any significant risks likely to arise. The Chairperson acts as a direct liaison between the Board and management of An Bord Pleanála.

### Board Responsibilities

The work and responsibilities of the Board are set out in the statutory provisions in the Planning and Development Acts 2000 to 2017 and associated legislation.

Ceaptar an Cathaoirleach agus gnáthchomhaltaí an Bhoird i gcáil lánaimseartha agus ní cheadaítear dóibh aon phost ná fostaíocht íoctha eile a bheith acu. Is é an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil a shocraíonn leibhéil íocaíochta an Chathaoirligh agus gnáthchomhaltaí an Bhoird le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as a gcion a dhéanamh chun cinntí tráthúla ar ardchaighdeán a sholáthar ar achomhairc agus ar iarratais phleanála agus as maoirseacht a dhéanamh ar rialachas corparáideach na heagraíochta. Anuas ar chruinnithe laethúla chun cásobair phleanála a bhreithniú, bíonn cruinnithe míosúla ag an mBord maidir le maoirseacht agus rialachas an Bhoird Pleanála. Tá buanmhíreanna i bpáirt ag na Cruinnithe Ginearálta Boird seo, lena n-áirítear:

- tuairiscí airgeadais / cuntais bhainistíochta
- tuarascálacha feidhmíochta
- tuarascálacha bainistithe agus anailíse riosca
- ceadú agus athbhreithniú ar bheartais chorparáideacha
- ceadú agus monatóireacht a dhéanamh ar an mbuiséad bliantúil
- ceadú agus monatóireacht a dhéanamh ar an bplean bliantúil gnó
- tuarascálacha ón gCoiste Iniúchta agus Riosca agus ón Iniúchadh Inmheánach
- tuarascálacha bainistíochta ar ghnóthaí dlí
- aon ábhar eile arb é an Bord a chinneann é

Ceanglaíonn Alt 150 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, arna leasú, ar an mBord Pleanála Cód Cleachtais a ghlacadh maidir le déileáil le coimhlintí leasa agus muinín an phobail a chothú in iomláine na slí a sheoltar gnó an Bhoird. Tá an Cód a ghlac an Bord ar fáil ar shuíomh gréasáin

The Chairperson and Ordinary Board members are appointed in a whole time capacity and are specifically excluded from holding any other office or employment in respect of which emoluments are payable. Remuneration levels for the Chairperson and other Board members are set by the Minister for Housing, Planning and Local Government with the consent of the Minister for Public Expenditure and Reform.

Board members have responsibility for delivery of high quality decisions on planning appeals and applications in a timely manner and for oversight of the overall corporate governance of the organisation. In addition to daily meetings to adjudicate on planning casework, the Board meets monthly in relation to oversight and governance of An Bord Pleanála. These General Board Meetings have standing items which include:

- financial reports / management accounts
- performance reports
- risk management reports and analysis
- approval and review of corporate policies
- approval and monitoring of annual budget
- approval and monitoring of annual business plan
- reports from the Audit and Risk Committee and Internal Audit
- management reports on legal affairs
- any other matters reserved to the Board for decision

Section 150 of the Planning and Development Act, as amended, requires An Bord Pleanála to adopt a Code of Conduct for dealing with conflicts of interest and promoting public confidence in the integrity of the conduct of its business. The Code of Conduct adopted by the

an Bhoird. Ina theannta sin, comhlíonann forálacha an Chóid riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Board is available on its website. The provisions of the Code of Conduct also align with the requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies.

Is é beartas an Bhoird Pleanála an luach is fearr is féidir a fháil ar airgead agus earraí agus seirbhísí á gceannach ar son na heagraíochta. Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar an mBord Pleanála úsáid a bhaint as teagmhálaithe lárnacha atá curtha i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais agus raon earraí agus seirbhísí coitianta á gceannach. I gcás nach bhfuil aon teagmhálaí lárnach ar fáil, gníomhaíonn an Bord Pleanála de réir Threoirlínte Soláthair an AE agus beartas agus prótacail inmheánacha an Bhoird Pleanála maidir le soláthar. Anuas ar sin, comhlíonann an Bord Pleanala riachtanais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Chód Leasaithe um Chaiteachas Poiblí maidir le caiteachas.

The policy of An Bord Pleanála is to provide best value for money when purchasing goods and services for the organisation. As a public body, it is mandatorily required to utilise central contracts put in place by the Office of Government Procurement when procuring range of commonly acquired goods and services. Where no central contract is available, An Bord Pleanála operates in accordance with EU Procurement Guidelines and its own internal procurement policy and protocols. An Bord Pleanála also complies with the appropriate requirements of the Department of Public Expenditure and Reform Public Spending Code in relation to its expenditure.

Ceanglaítear ar an Bord Pleanála, faoi Alt 117 (1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, gnáthchuntais chruinne a choimeád ar airgead a fhaigheann agus a chaitheann sé, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Section 117(1) of the Planning and Development Act 2000 requires the Board of An Bord Pleanála to keep, in such form as may be approved by the Minister for Housing, Planning and Local Government with consent of the Minister for Public Expenditure and Reform, all proper and usual accounts of money received and expended by it.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord Pleanála:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh.
- na cuntais a ullmhú ar bonn gnóthais leantaigh, ach amháin más neamhchuí a cheapadh go leanfaidh sé dá ghnó.
- a rá cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

In preparing these financial statements, An Bord Pleanála is required to:

- select suitable accounting policies and apply them consistently.
- make judgements and estimates that are reasonable and prudent.
- prepare the financial statements on the going concern basis unless it is inappropriate to presume that it will continue in operation.
- state whether applicable accounting standards have been followed, subject to any material departures disclosed and explained in financial statements.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a insíonn tráth ar bith, le cruinneas réasúnta, stádas airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 117(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Tá cúram ar an mBord as faisnéis chorparáideach agus airgeadais iomlán cruinnn a bheith ar fáil i gcónaí ar shuíomh gréasáin an Bhoird Pleanála.

An Bord atá freagrach as an bplean gnó agus an buiséad bliantúil a ullmhú. Rinneadh meastóireacht ag an mBord ag na Cruinnithe Boird Ginearálta an 24 Eanáir agus an 28 Feabhra 2018 ar fheidhmíocht an Bhoird Pleanála ó thaobh an phlean gnó agus an bhuiséid bliantúil maidir le 2017.

Tá an Bord freagrach, leis, as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Bhoird Pleanála léargas fírinneach cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus stádas airgeadais an Bhoird Pleanála amhail ar an 31 Nollaig 2017.

**Struchtúr an Bhoird**

Foráiltear san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 gur Cathaoirleach agus naonúr gnáthchomhalta a bheidh ar an mBord agus go gceapfar duine amháin acu ina Leaschathaoirleach. Seacht mbliana a mhairfidh téarma an Chathaoirligh agus is féidir an Cathaoirleach a athcheapadh don dara téarma nó do théarmaí dá éis ar choinníoll gur eisean/ise an cathaoirleach an uair a athcheapfar é nó í.

Cúig bliana a mhairfidh téarma na ngnáthchomhalta (an Leaschathaoirleach san áireamh) agus is féidir na comhaltaí seo a athcheapadh don dara téarma nó do théarmaí dá éis ar choinníoll gur comhalta ag deireadh téarma an duine i dtrácht an uair a athcheapfar

The Board is responsible for keeping adequate accounting records which disclose, with reasonable accuracy at any time, its financial position which enables it to ensure that the financial statements comply with section 117(1) of the Planning and Development Act 2000. The maintenance and integrity of the corporate and financial information on the An Bord Pleanála website is the responsibility of the Board.

The Board is responsible for approving the annual business plan and budget. An evaluation of the performance of An Bord Pleanála by reference to the annual business plan and budget for 2017 was carried out by the Board at the General Board Meetings of 24th January and 28th February 2018.

The Board is also responsible for safeguarding its assets and hence for taking reasonable steps for the prevention and detection of fraud and other irregularities.

The Board considers that the financial statements of An Bord Pleanála give a true and fair view of the financial performance and the financial position of An Bord Pleanála at 31st December 2017.

**Board Structure**

The Planning and Development Act 2000, as amended, provides that the Board shall consist of a Chairperson and nine ordinary members, one of whom is appointed as Deputy Chairperson. The Chairperson's term of office is seven years and the Chairperson can be re-appointed for a second or subsequent term of office provided he or she is Chairperson at the time of the re-appointment.

The ordinary Board members' (including the Deputy Chairperson) term of office is five years and these members may be re-appointed for a second or subsequent term provided that the person concerned is an outgoing member at the time of the re-appointment. Membership of

é nó í. I gcáil lánaimseartha a cheaptar comhaltaí an Bhoird. Gheofar sa tábla thíos sonraí thréimhse ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

the Board is whole-time. The table below details the appointment period for current members:

| Ball an Bhoird<br>Board Member | Ról<br>Role | Dáta ceapacháin<br>Date Appointed |
|---|---|---|
| Dr. Mary Kelly | Cathaoirleach<br>Chairperson | 29 Lúnasa 2011<br>29th August 2011 |
| Conall Boland | Gnáthchomhalta<br>Ordinary Member | 1 Eanáir 2007<br>1st January 2007 |
| | Gnáthchomhalta agus Leaschathaoirleach<br>Ordinary Member and Deputy Chairperson | 30 Bealtaine 2012<br>30th May 2012 |
